



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2013
COM(2013) 462 final

2013/0214 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SWD(2013) 230 final}
{SWD(2013) 231 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Infheistíocht fhadtéarmach, sin caipiteal fadsaolach a chur ar fáil le sócmhainní inláimhsithe (amhail bonneagair fuinnimh, iompair agus cumarsáide, saoráidí tionscail agus seirbhíse, teicneolaíochtaí tithíochta agus éicea-nuála agus um agus athrú aeráide) chomh maith le sócmhainní doláimhsithe (amhail oideachas agus taighde agus forbairt) a mhaoiniú le treisiú le nuáil agus iomaíochas. Go leor de na hinfheistíochtaí s, bíonn buntáistí poiblí leathana acu, toisc gur mó na torthaí a ghineann don tsochaí ina hiomláine trí thacú le seirbhísí riachtanacha agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú. Tá faoin togra seo cabhrú le cur leis an linn caipitil atá ar fáil d'infheistíocht fhadtéarmach i ngeilleagar an lae amárach san Aontas Eorpach d'fhonn trasdul chuig fás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach a mhaoiniú. Déanfar é sin trí chineál nua feithicle ciste a chruthú, Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí AE nó ELTIFanna. Táthar ag súil go mbeidh ELTIFanna, de bhua na haicmí sócmhainne a bhfuil cead acu infheistiú iontu, in ann torthaí fadtéarmacha, cobhsaí a chur ar fáil d'infheisteoirí. Mheasfaí sócmhainní incháilithe a bheith mar chuid de 'infheistíochtaí malartacha' - aicmí sócmhainne atá lasmuigh den sainmhíniú traidisiúnta ar scaireanna agus bannaí atá liostaithe. Cuimsíonn infheistíochtaí malartacha eastát réadach, caipiteal fiontair, cothromas príobháideach, cistí fálaithe, cuideachtaí neamh-liostaithe, urrúis shuaite agus tráchtearraí, ní dhíreodh ELTIFanna ach ar infheistíochtaí malartacha a thagann laistigh de chatagóir sainmhínithe d'aicmí sócmhainne fadtéarmacha a n-éilíonn a bhforbairt rathúil tiomantas fadtéarmach infheisteoirí. Dá bhrí sin, bheadh eastát réadach, cuideachtaí neamhliostaithe nó tionscadail bonneagair incháilithe, ach ní bheadh tráchtearraí incháilithe.

Tá gá soiléir ann mar sin lena áirithiú go dtéitear i ngleic ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le bacainní ar infheistíocht a bhfuil peirspictíocht fhadtéarmach acu. Tá sé seo fíor go háirithe do shócmhainní amhail tionscadail bhonneagair a bhíonn ag brath ar thiomantais fhadtéarmacha. Bíonn na sócmhainní seo ag brath, i bpáirt, ar rud ar a dtugtar go minic 'caipiteal foighneach'. Ní féidir an cineál seo infheistíochta a fhuascailt ar feadh roinnt blianta, ach infheistítear iad ar dhóigh go mbeidh siad in ann torthaí cobhsaí agus intuartha a chur ar fáil. Bheadh tionscadail bhonneagair, infheistíochtaí i gcaipiteal daonna, nó lamháltais oibriúcháin i gceist sa chur síos sin. Caipiteal a infheistítear sa tslí fhadtéarmach, 'fhoighneach' seo, tugann sé tairbhe don fhíorgheilleagar trí shreabha intuartha, inbhuanaithe airgeadais do ghnólachtaí, a chruthaíonn fostaíocht, a chur ar fáil.

Infheisteoirí ar nós cuideachtaí árachais agus cistí pinsin a bhfuil dliteanais fhadtéarmacha acu, léirigh siad fonn le hinfheistiú i sócmhainní infheistíochta níos fadtéarmaí. Ag an am céanna, tharraing siad aird ar an easpa sásraí comhroinnte atá ar fáil go héasca, amhail cistí infheistíochta, chun rochtain ar na cineálacha infheistíochtaí sin a éascú. Mar thoradh air sin, sriantar deiseanna infheistíochta den sórt sin do roinnt infheisteoirí an-mhór, amhail cistí pinsin móra nó gnóthais árachais, atá in ann go leor caipitil a thiomsú agus a leithdháileadh de bhua a n-acmhainní féin. Gníomhaíonn sé sin, ar a sheal, mar bhac d'infheisteoirí beaga, amhail pleananna pinsin áitiúla, bardais, na scéimeanna pinsin a bhíonn á reáchtáil ag na gairmeacha liobrálacha nó pleananna pinsin corparáideacha a d'fhéadfadh, murach sin, tairbhe a bhaint as éagsúlú a gcuid infheistíochtaí isteach i sócmhainní den sórt sin. D'uireasa na ngrúpaí infheisteoirí sin, ina dhiaidh sin, ní bhíonn an fíorgheilleagar in ann rochtain a fháil ar linnte doimhne de mhaoiniú a bhfuil tacaíocht caipitil acu. An meall mór ar deireadh, d'fhéadfadh infheisteoirí miondíola aonair a bhfuil dliteanas amach anseo acu (ceannacháin baile, oideachas nó maoiniú mór-athchóirithe) leas a bhaint as an toradh nó na torthaí rialta a thugann cistí infheistíochta fadtéarmaí.

Na tiomantais chaipitil ar scála mór agus fadtéarmach is gá chun linnte infheistíochta éifeachtaí do shócmhainní fadtéarmacha a fheidhmiú, tá ilroinnt rialála i measc na mBallstát ag cur baic orthu. Nuair a bhíonn cistí agus dreasachtaí ann ar an leibhéal náisiúnta, ní bhíonn siad comhleánach le tionscnaimh inchomparáide i mBallstáit eile. Cuireann sé sin cosc ar scála an chomhthiomsaithe saineolais caipitil agus infheistíochta a chruthaíonn barainneachtaí scála le haghaidh cistí agus dá bhrí sin, a thugann tairbhe d'infheisteoirí. Ar an láimh eile, níl aon samhlacha ciste nó dreasachtaí coibhéiseacha a thugann aghaidh ar aicmí sócmhainne fadtéarmacha ag formhór na mBallstát. In éagmais feithicle ciste trasteorann, déantar infheisteoirí sna margáí sin a eisiámh ó infheistiú i ranganna sócmhainne fadtéarmaí.

Is é an toradh deiridh nach bhfuil aon sásra ar fáil go héasca le cistí atá le bheith tiomanta ar feadh tréimhsí fada ama a threorú chuig tionscadail fíorgheilleagar ar gá an maoiniú sin dóibh. Moillíonn sé sin forbairt na hinfheistíochta fadtéarmaí. Ní fhorbraítear saineolas i measc gairmithe infheistíochta i ngeall ar easpa éilimh. Ní chruthaítear barainneachtaí scála a mbíonn mar thoradh orthu laghdú ar na costais a bhaineann le feidhmiú ciste infheistíochta fhadtéarmaigh.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh tionscadail bhonneagair nó innealtóireachta tionsclaíocha ar scála mór rochtain ar linnte caipitil a éileamh nach mbíonn ar fáil i gcónaí nuair is i mBallstát amháin a chruinnítear an caipiteal. B'fhéidir go mbeadh tionscadail ar scála mór gafa le gnólachtaí atá bunaithe i roinnt Ballstát éagsúil chomh maith. Bíonn ar aon sásra maoinithe déileáil le fadhb seo na hIlroinnte agus infheisteoirí agus tionscadail i dtíortha éagsúla san Aontas Eorpach a éascú.

Tá, mar sin, gá le feithicil maoinithe atá ceaptha go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin a éascú. Chun éifeachtúlacht aon sásra cistiúcháin a uasmhéadú ní mór dó go mbeadh rochtain ag infheisteoirí ar fud an Aontais air. Léiríodh an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin cheana féin sa Ghníomh um an Margadh Aonair II (SMA II).¹ Ar cheann dá dhá phríomhchuspóir déag tá treisiú le hinfheistíocht fadtéarmach san fhíorgheilleagar. D'fhone an sprioc sin a bhaint amach, mhol an SMA II sraith nua rialacha AE a fhorbairt le cruinniú caipitil trasteorann a éascú, mar chuid den chaipiteal is gá chun cistí infheistíochta éifeachtacha ó thaobh costais a dhíríonn ar dheiseanna infheistíochtaí fadtéarmacha a oibriú.

Leagadh amach an comhthéacs leathan na hoibre seo i bPáipéar Uaine an Choimisiúin Eorpaigh², Maoiniú Fadtéarmach Gheilleagar na hEorpa, a chuireann síos ar cheisteanna soláthair agus éilimh ar fud na struchtúr maoinithe uile. Dhearbhaigh an Páipéar Uaine freisin an gá atá le bearta maidir le cistí infheistíochta, mar atá leagtha amach sa togra seo, agus ag an am céanna dhírigh sé ar an chomhthéacs an ghá leathain le maoiniú an fhíorgheilleagair a athbheochan trí mheascán agus athléimneacht foriomlán na bhfoinsí maoinithe éagsúla a fheabhsú. Anseo is féidir leis an ELTIF nua rannchuidiú trí airgeadas nach ó bhainc é atá ar fáil do ghnólachtaí a mhéadú, chun rochtain ar mhaoiniú bainc a chomhlánú.

Faoi láthair, tá ceannas ar mhargaí cistí infheistíochta an AE ag cistí a oibríonn faoin Treoir GCUÍ (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe), a tugadh isteach den chéad uair i 1985. Tá sócmhainní GCUÍ atá faoi bhainistíocht ardaíthe anois go € 6,697 billiún³. Sa Treoir GCUÍ tá sraith rialacha táirge a úsáideann cistí infheistíochta agus atá ar fáil d'infheisteoirí miandíola, ach tá sé dírithe ar urrúis inaistrithe d'fhonn a áirithiú go mbíonn leachtacht leordhóthanach ar fáil chun fuascailt ar éileamh a shásamh. Mar thoradh air sin, níl aonaid GCUÍ in ann rannchuidiú le maoiniú cheangaltais chaipitil fhoighnigh ar thionscadail

¹ Féach http://ec.europa.eu/internal_market/smact/docs/single-market-act2_en.pdf

² Féach http://ec.europa.eu/internal_market/finances/financing-growth/long-term/index_en.htm

³ Bileog Fíricí Thionscal Chiste Infheistíochta EFAMA, Márta 2013

infreastruchtúir agus eile. Cé nach gá go gciallódh an tionscnamh GCUI go bhfágfaidh cruthú ELTIF go meallfar leibhéil chomhchosúla spéise ó na hinfheisteoirí, mar gheall ar an luach atá ag cistí an-leachtacha do go leor infheisteoirí miondíola, léiríonn an fhíríc gur éirigh leis gur féidir le tionscnaimh ar fud an AE tionchar láidir a imirt le margadh a fhorbairt agus muinín infheisteoirí a thógáil.

Cabhróidh cruthú na gCistí Caipitil Fiontair Eorpacha (EuVECA) agus na gCistí Eorpacha um Fhiontraíocht Shóisialta (EuSEF), fara ELTIFanna, le rannchuidiú le maoiniú an gheilleagair Eorpaigh. Ach díríonn na scéimeanna EuVECA agus EuSEF ar nideog an-sonrach i ngeilleagar an AE: gnólachtaí nuathionscanta a mhaoiníonn caipiteal fiontair agus gnólachtaí ar speisialtóirí iad le tionchar sóisialta a bhaint amach.

Leanann an togra ar ELTIFanna cur chuige níos leithne ná na tograí EuVECA agus EuSEF. Tá faoi díriú ar réimse leathan cineálacha sócmhainní fadtéarmacha agus tá faoi ciste infheistíochta a chruthú a fhéadfadh a dhíol chomh maith le hinfheisteoirí miondíola. Tarraingíonn sé sin anuas an gá le trí ghné lárnacha: (1) rialacha sonracha táirgí a chlúdaíonn sócmhainní incháilithe agus a n-éagsúlú; (2) leibhéal ard inniúlachta acu siúd a bhfuil cead acu ELTIFanna a bhainistiú agus a mhargú agus (3) ailíniú idir ionchais infheistíochta ELTIFanna agus ionchais fuascailte a gcuid infheisteoirí.

An gá le rialacha táirge

Is é is aidhm don chreat nua ELTIF 'dara pas miondíola' a chruthú a leanann an cur chuige GCUI, a bhfuil seantaithí air, ar sonraíochtaí táirgí agus rioscaí a scaipeadh. Tá cuid mhaith suime ag infheisteoirí an deis a fháil le hinfheistiú in aicmí sócmhainní fadtéarmacha a mhéadaíonn trína saolré (cuideachtaí beaga nó meánmhéide) nó a tháirgeann ioncam rialta i rith na tréimhse sealbhaíochta (sócmhainní bonneagair). Teastaíonn feithicil den sórt sin go háirithe ó phleananna pinsin a bhíonn á reáchtáil ag bardais, buirgí, cuideachtaí beaga agus móra nó ag gairmeacha liobrálacha. Toisc nach bhfuil a leithéid de chistí sócmhainní fadtéarmacha in a lán Ballstát, bíonn infheisteoirí sna Stáit sin gearrtha amach ón deis infheistíochta sin. Déanfaidh pas tras-teorann an scéal sin a leigheas.

Chun freastal ar na riachtanais infheisteoirí sin, beidh an ELTIF in ann infheistiú i ngach cineál sócmhainní nach ndéantar a thrádáil ar mhargaí rialáilte. Bíonn na sócmhainní seo neamhleachtach agus, ar an gcúis sin amháin, ceanglaíonn siad ar chiste tiomantas fadtéarmach a dhéanamh agus é á gceannach. Is ionann cás dóibh siúd a infheistíonn i gciste mar sin. Ar na sócmhainní nach ndéantar a thrádáil ar mhargadh tánaisteach agus ar ghá cuid mhaith ama dá n-úinéirí le teacht ar cheannaitheoir, bheadh na cinn seo a leanas: (1) Infheistíochtaí i dtionscadail bhonneagair, amhail i réimsí an iompair, fuinnimh nó oideachais; (2) Infheistíochtaí i gcuideachtaí neamhliostaithe, go príomha FBManna iarbhír; (3) infheistíochtaí i sócmhainní eastát réadach, cosúil le foirgnimh nó sócmhainn bhonneagair a cheannach go díreach.

Dá bhrí sin, toisc nach ndéantar sócmhainn a thrádáil ar mhargadh rialaithe, cáileoidh sí mar shócmhainn fhadtéarmach. Níl na sócmhainní sin neamhleachtach ach toisc nach mbíonn teacht go héasca ar cheannaitheoirí dóibh gan ionad trádála poiblí. Chomh maith leis sin, bíonn na sócmhainní sách neamhghnách go minic agus ní bheidh siad tarraingteach ach amháin do cheannaitheoirí atá in ann a gcuid díchill chuí féin a dhéanamh agus ar tá speisialtóirí sa réimse ábhartha iad. Mar shampla, a luaithe a infheistíonn ELTIF i gcuideachta tionscadail, tuarann sé nach mbeidh aon cheannaitheoir láithreach inaitheanta di ar feadh tréimhse mhaith ama.

I bhfianaise a nglaneaspa leachtachta, staonann an togra ELTIF ó thréimhsí seilbhe réamhshainaitheanta a fhorordú. I bhfianaise ardleibhéil an díchill chuí a éilíonn infheistíocht

i sócmhainn fadtéarmach, ní cosúil gur stuama an beartas é tréimhsí íosta don sealbhú a fhorordú. Sin toisc go mbeidh gach cinneadh infheistíochta éagsúil agus gurb iad na bainisteoirí ELTIF is fearr a chinnefidh cé chomh fada is ba mhaith leo a bheith infheistithe sa tsócmhainn d'fhonn an toradh geallta a ghiniúint. Difríocht mhór is ea é sin do bhainisteoirí GCUÍ a leanann forbairtí maicreacnamaíocha nó na luaineachtaí laethúla ar stocmhalartán.

Dealraíonn sé riachtanach freisin foráil do sholúbthacht bainistíochta maidir leis an bhfráma ama beacht nach mór punann sócmhainní fadtéarmacha a chur le chéile ann. Sin é an fáth go gceadaíonn an togra tréimhse cúig bliana leis an bpunann sócmhainní fadtéarmacha a thiomargadh. Ina theannta sin, ceadaíonn an togra don bhainisteoir suas le 30% de chaipiteal an ELTIF a infheistiú in urrúis leachtacha. Ceapadh an maolán leachtachta sin le go bhféadfaidh an ELTIF an sreabhadh airgid a thagann chun cinn agus an phunann fhadtéarmach a comhdhéanamh a bhainistiú. Ceadaíonn sé freisin don bhainisteoir airgead barrachais a bhaintear amach 'idir infheistíochtaí' a infheistiú - is é sin nuair a dhíoltar sócmhainn fhadtéarmach chun ceann eile a chur ina hionad.

Chun muinín infheisteoirí agus cinnteacht dhlíthiúil a chruthú, go háirithe d'infheisteoirí miondíola a ndíríonn ELTIFanna orthu, ach ní hamháin dóibh sin, éilíonn an scéim atá beartaithe sraith rialacha táirge a bheidh láidir ach solúbtha. Rialacha táirge, sin an tslí is oiriúnaí chun cabhrú le freastal ar na riachtanais maoinithe fhadtéarmacha a aithníodh agus le próifíl táirge intuatha a chur ar fáil do ELTIFanna. Nuair a údarófar iad, beidh ELTIFanna ar fáil chun iad a mhargú le hinfeisteoirí gairmiúla chomh maith le hinfeisteoirí miondíola i mBallstáit eile.

Cuireann ELTIF deiseanna ar fáil d'infheisteoirí chun a bpunanna infheistíochta a éagsúlú. Infheistíochtaí malartacha is ea na sócmhainní a d'fhéadfadh an ELTIF beartaithe infheistiú iontu, agus dá bhrí sin is cineál an-difriúil iad ó na scaireanna liostaithe traidisiúnta agus na hurrúis a bhíonn i seilbh go leor infheisteoirí. Cé go bhféadfadh na rialacha diana um éagsúlú atá i gcreat GCUÍ é a dhéanamh costasach, nó fiú dodhéanta, ELTIF a oibriú, bheadh leibhéal réasúnta éagsúlaithe sócmhainní ag ELTIF fós.

Baineann an tairbhe éagsúlaithe le miondíol chomh maith le hinfeisteoirí institiúideacha nó 'sofaisticiúla', amhail daoine a bhfuil glanluach ard acu. Na rialacha táirge láidre atá beartaithe agus an chosaint infheisteoirí a chruthaíonn siad, tá siad ceaptha chun ELTIF a dhéanamh oiriúnach d'infheisteoirí miondíola.

An gá atá le leibhéal ard inniúlachta bainistíochta

I ngeall ar a n-easpa leachtachta agus toisc nach liostaítear páirtíocht in aicmí sócmhainne fadtéarmacha a ndíríonn ELTIF orthu ar mhargadh rialáilte, tá gach sócmhainn fhadtéarmach a gceadaítear do ELTIF infheistiú iontu sa chatagóir 'infheistíochtaí malartacha' (féach an cur síos ar infheistíochtaí malartacha thuas). Ní mór mar sin gur gnóthais atá údaraithe go cuí faoi Threoir 2011/61/CE le hinfeistíochtaí malartacha a bhainistiú agus a mhargú a bhainisteoidh ELTIFanna.

Dá bhrí sin, beidh an creat ELTIF atá beartaithe ag tógáil ar an údarú bainistíochta sa Treoir AIFM⁴, lena leagtar síos na rialacha ginearálta maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha a bhainistíonn agus a mhargaíonn a gcuid cistí d'infheisteoirí gairmiúla. Cuirfear rialacha sonracha táirgí LTIF isteach ionas go bhféadfaidh infheisteoirí gairmiúla agus miondíola araon, a bhfuil suim acu sna próifílí torthaí agus teacht isteach a bhaineann le hinfeistíochtaí i sócmhainní fadtéarmacha, ELTIFanna a aithint go héasca.

⁴

Treoir 2011/61/AE

Tógann an creat ELTIF atá beartaithe ar na forálacha trasteorann sa Treoir, agus cuireann siad pas "Eorpach" do mhargaíocht d'infheisteoirí miondíola ar fud an AE maidir le ELTIFanna leis an bpas "Eorpach" pas do infheisteoirí gairmiúla margaíochta. Toisc gur féidir ELTIFanna a dhíol le tomhaltóirí miondíola, is mó an gá atá le tomhaltóirí a chosaint, mar shampla na rialacha níos déine ELTIF lena dtoirmeascstar infheistiú i sócmhainní a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú, rialacha trédhearcachta a éilíonn go bhfoilseofaí príomhdhoiciméad faisnéise agus na coinníollacha margaíochta faoi leith.

I bhfianaise a bhfuil thuas, chun go n-údarófaí ELTIF ní mór a bhainisteoir a údarú freisin faoin Treoir. De réir sainmhínithe, ní mór gur sócmhainní nach mór a bheith sealbhaithe ar feadh tréimhse fada iad formhór na sócmhainní ina n-infheistíonn ELTIF. Cruthaíonn róchomhchruinniú i sócmhainn nó i ngnóthas amháin rioscaí d'infheisteoirí a bhíonn an-deacair a bhainistiú. Chun an riosca sin a mhaolú beidh ar ELTIF cloí leis na rialacha éagsúlaithe. Thairis sin, tá teorainneacha á moladh ar dhíorthaigh a úsáid i ndáil le sócmhainní ELTIF chomh maith le caipín ar iasachtaí.

An gá atá le hionchais infheistíochta agus ionchais fuascailte a ailíniú

Is buntréith de na sócmhainní a n-infheistíonn ELTIF iontu iad a bheith neamhleachtach. Is é sin le rá, ní bheidh siad ar fáil le ceannach ná le díol go héasca. Is féidir nach mbeadh aon mhargadh tánaisteach iontaofa le haghaidh sócmhainní fadtéarmacha, rud a d'fhéadfadh a luacháil agus a ndíol a dhéanamh níos deacra. Ní fadhb inti féin í na sócmhainní a bheith neamhleachtach agus tá an togra ELTIF ceaptha chun feithicil maoinithe a oirfidh don chineál sin sócmhainní a chruthú. Tugann riachtanais an Threoir 2011/61/CE aghaidh ar na ceisteanna sin fosta, mar shampla, i ndáil le luacháil agus an riachtanas go mbeadh beartais agus sásraí luachála cuí i bhfeidhm ag bainisteoirí.

D'fhéadfadh neamhleachtacht na sócmhainní é a dhéanamh deacair do chistí freastal ar iarratais fuascailte a rinne infheisteoirí sular shroich sócmhainn nó tionscadal infheistithe a aibíocht mheasta. Riachtanas le sócmhainní leachtacha a choimeád ar bun chun freastal ar iarratais fuascailte, d'atreoródh sé airgead freisin ó phríomhchuspóir na nELTIFanna - infheistiú i sócmhainní fadtéarmacha. Thairis sin, roghanna luathfhuascailte, is é sin, roimh dheireadh shaolré infheistíochta an chiste, chruthódh siad gá na sócmhainní le freastal ar iarratais luathfhuascailte. Tá baol ann go gcaithfí na sócmhainní sin a dhíol ar phraghsanna 'díol tine' go maith faoi bhun an méid is fiú an tsócmhainn i ndíolachán neamhéigeantach, dar leis an mbainisteoir ciste. D'fhéadfadh a leithéid de dhíol aon sruth ioncaim atá á íoc le infheisteoirí eile a choinníonn infheistíochtaí san ELTIF a laghdú freisin. Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh ELTIFanna luathfhuascailt a thairiscint d'infheisteoirí. Cuirfidh an cur chuige sin deireadh le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir infheisteoirí a imíonn agus iad siúd atá fágtha.

Cuirfidh an ELTIF in éineacht leis an Treoir creat láidir bainistíochta agus táirgí ar fáil atá ceaptha chun an mhuinín a thabhairt infheisteoirí go bhfuil a gcuid infheistíochtaí á mbainistiú go stuama, cumasach, ionraic. Níor mhór a chur in iúl go soiléir nach gceadófar fuascailtí le linn shaolré na n-infheistíochtaí roghnaithe chun go seachnófaí mí-ionchais mar gheall ar leachtacht an chiste. Má leathnaítear ELTIF d'infheisteoirí miondíola, cinnteofar freisin go gcuirfear an linn caipitil is leithne is féidir ar fáil.

Ina theannta sin, ní féidir leis an phréimh neamhleachtachta a bhaineann le hinfheistíocht i sócmhainn fadtéarmach a bhaint ach amháin má bhíonn bainisteoir ELTIF saor le dul i mbun tionscadal do thréimhse shuntasach ama gan bhrú fuascailte a bheith air de shíor. Mar a dúradh sa mheasúnú tionchair, an phréimh neamhleachtachta ar gné dhílis d'infheistiú i sócmhainní fadtéarmacha í, éilíonn tréimhsí seilbhe idir 10 agus 20 bliain. Mar shampla, bhuaigh an fheidhmíocht bhliantúlaithe eastát réadach 12.71% ar an S&P 500 (innéacs

gnáthscaireanna) ag 10.94% agus an t-innéacs banna tipiciúil ag 7.70% nuair a mheastar thar thréimhse 14 bliain iad. Mar an gcéanna, ní fhéidir feidhmíocht fhabhrach na gcistí caipitil fiontair i SAM – ioncam bliantúil 16.5% vs an S&P 500 ag 11.2% - a bhaint amach gan tréimhse infheistíochta 20 bliain a roghnú.

Ba chóir an t-ioncam dearfach ar infheistíocht i sócmhainní fadtéarmacha a mheasúnú chomh maith i gcoinne na rioscaí a bhaineann leo. Mar is amhlaidh le hinfeistíochtaí traidisiúnta i stoic agus bannaí, bíonn an riosca i gcónaí ann an caipiteal ar fad a chailleadh. Ach an rud a idirdhealaíonn idir na sócmhainní fadtéarmacha agus urrúis inaistrithe a ndéileálar leo ar mhargadh rialáilte, sin an riosca neamhleachtachta s'acu. Murab ionann agus stoic agus bannaí ar féidir iad a dhíol de ghnáth go héasca ar mhargadh rialáilte, ní bhíonn margaí tánaisteacha leachtacha ag sócmhainní fadtéarmacha agus is minic is gá míonna nó blianta chun sócmhainn den sórt sin a dhíol. Sin é an fáth go n-éilíonn an dréacht-togra go mbeadh an saolré atá roghnaithe ar ELTIF sách fada le freastal ar an rogha dhúthrachtach agus rannpháirtíocht fhadtéarmach le tionscadal, cuideachta nó sócmhainn fhíor a roghnaíodh.

Sna cúinsí sin, ní mór méid leordhóthanach solúbthachta bainistíochta i sócmhainní a roghnú agus an fráma ama a chinneadh chun iad a shealbhú roimh scaradh leo a bheith fairis an bpas ciste todhchaí. Sin an fáth nach bhforordaíonn an cur chuige sa dréacht-togra tréimhsí ama socraithe chun sócmhainní infheistíochta a shealbhú nó do shaolré an ELTIF féin.

Dá bhrí sin, ba chóir don ELTIF nua a bheith solúbtha ina cuid beartas infheistíochta agus a cuid tréimhsí sealbhaíochta. Is é is aidhm dó mais chriticiúil bainisteoirí a mhealladh chuirfidh an fheithicil ar fáil thar theorainneacha, rud a mheallfaidh mais chriticiúil sócmhainní agus infheisteoirí. Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh saolré an chiste comhoiriúnach le próifíl ar leith na sócmhainní ina n-infheisteoidh sé. Tá impleachtaí aige sin do na deiseanna fuascailte is féidir le ciste den sórt sin a thairiscint go réalaióch. Léiríonn taithí le cistí fadtéarmacha ceannoscailte i margaí náisiúnta, nach féidir le ciste fuascailtí a thairiscint fad a bheidh sí infheistithe i sócmhainní fadtéarmacha a ndírítear orthu sa togra. Tá meaitseáil shaolré an chiste le saolré a shócmhainní infheistíochta ar an gcur chuige is fearr is féidir lena áirithiú go mbeidh an scóip ag na bainisteoirí infheistiú i sócmhainní a éilíonn tiomantais fhadtéarmacha agus sa tslí sin an geilleagar a mhaoiniú. Má thugtar féidearthachtaí fuascailte ag céim níos luaithe, caolaítear i gcónaí ionchas fadtéarmach an chiste; laghdódh sé sin a tharraingteacht d'fhormhór na n-infheisteoirí plean pinsin atá ag iarraidh ioncaim fhadtéarmaigh, sheasmhaigh in ionad áiseanna luathfuascailte.

Ní hionann sin is a rá, áfach, nach féidir le hinfeisteoirí a n-infheistíochtaí a fhuascailt roimh dheireadh shaolré an ELTIF. Go leor de na cistí fadtéarmacha rathúla a fuair measúnú tionchair an Choimisiúin ag an leibhéal náisiúnta, is mar eintitis liostaithe a bhí a struchtúir. Ceadaíonn sé sin d'infheisteoirí a gcuid scaireanna nó aonad a thrádáil sa chiste ar mhargadh tánaisteach. Má tá infheistiú fadtéarmach le bheith tarraingteach dáiríre d'infheisteoirí ar scála beag nó don phobal miondíola i gcoitinne, beidh margaí tánaisteacha ar an bpríomh-ionad inar féidir ceannach isteach i gciste fadtéarmach nó é a fhágáil.

Séard a bheidh in ELTIF táirgí infheistíochta de réir bhrí na Treorach um Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID)⁵ agus dá bhrí sin beidh sé faoi réir cheanglais uile na treoradh sin i ndáil le margaíocht, díol agus nochtadh.

Beidh an ELTIF nua atá beartaithe ar fáil lena mhargú d'infheisteoirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá sé tábhachtach mar sin go mbeidh a fhios ag infheisteoirí go muiníneach gurb ionann an leibhéal cosanta a gheobhaidh siad is cuma cén tír arb as bainisteoir an chiste. Ar an gcúis sin, is é Rialachán an ionstraim dlí atá beartaithe, toisc gurb é sin an bealach is iomchuí

⁵

Treoir 2004/39/CE

le rialacha comhsheasmhacha, soiléire agus infheidhme go díreach ar fud an Aontais a bhaint amach.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

2.1. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Ó lár 2012 tá an Coimisiún Eorpach i mbun comhairliúchán fairsing le hionadaithe ó réimse leathan eagraíochtaí. Is é rud a bhí sna comhairliúcháin cruinnithe déthaobhacha agus ilthaobhacha, comhairliúchán poiblí i scríbhinn maidir le saincheistanna bainistíochta sócmhainní ⁶ lena n-áirítear infheistíocht fhadtéarmach (LTI) agus ceistneoir athleanúna a scaipeadh i measc páirtithe leasmhara. Fuair seirbhísí an Choimisiúin 65 freagra a bhain leis an roinn LTI. Fuarthas 50 freagra ar an gceistneoir athleanúna. Rinneadh tuilleadh plé dhéthaobhaigh le bainisteoirí ciste atá ag feidhmiú sna margaí bonneagair agus fadtéarmacha, cumainn bhainistíochta ciste agus ionadaithe infheisteoirí miondíola chomh maith le hionadaithe institiúideacha.

2.2. Measúnú tionchair

I gcomhréir lena bheartas ar 'rialáil níos fearr', rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar na roghanna beartais. Ar na roghanna sin bhí réimse leathan roghanna beartais, idir gan aon rud a dhéanamh, aicmí sócmhainne fadtéarmacha a chomhtháthú sa chreat GCUÍ atá ann cheana féin, feithicil ciste a chruthú d'infheisteoirí gairmiúla amháin, nó feithicil ciste a bheadh ar oscailt do gach infheisteoir, le saoráidí fuascailte nó gan iad.

Rinneadh anailís ar gach ceann de na roghanna sin taobh leis na prionsabail ghinearálta an sreabhadh caipitil atá ar fáil do mhaoiniú fadtéarmach do gheilleagar iarbhír na hEorpa a mhéadú agus méadú ar chomhchuibheas an mhargaidh aonair. Is gá, áfach, aon sásra maoinithe nua a cheapadh freisin sa tslí nach mbeidh an cuspóir barainneachtaí scála a chruthú do bhainisteoirí ciste agus an rogha a mhéadú i gcoimhlint leis an ngá le gach catagóir infheisteoirí a chur ar an eolas agus iad a chosaint go cuí.

Is é an rogha a roghnaíodh feithicil chiste infheistíochta fadtéarmaí a chruthú a bheidh ar oscailt d'infheisteoirí gairmiúla agus miondíola araon. I gcomhréir le hairíonna neamhleachtacha aicmí sócmhainne fadtéarmacha, ní bheadh aon chearta fuascailte roimh fhoirceannadh shaolré an chiste. Ar shaintréithe an ELTIF atá beartaithe bheadh rochtain ar ELTIFanna a cheadú don réimse is leithne infheisteoirí. Ar an mbealach sin, d'uasmhéadófaí an linn chaipitil atá ar fáil chun infheistíochtaí den sórt sin a dhéanamh. Bheadh na hELTIFanna faoi réir rialacha táirgí a ceapadh le héagsúlú leordhóthanach a áirithiú, le díriú ar choinbheachtaí leasa féideartha, le trédhearcacht a mhéadú i dtaca le costais agus teorainn a chur le díorthaigh a úsáid agus le gearáil. Tá na gnéithe sin i bhfeidhm le cosaint infheisteoirí a chur ar fáil d'infheisteoirí miondíola. Mura gcuirtear cearta fuascailte ar fáil i rith shaolré an chiste, féadfar níos mó dá chaipiteal a infheistiú i sócmhainní atá neamhleachtach. Ceart fuascailte a bheith in easnamh, léiríonn sé go soiléir freisin d'infheisteoirí miondíola agus gairmiúla gur tiomantas fadtéarmach ata i gceist.

Cuireadh san áireamh na barúlacha a chuir Bord an Mheasúnaithe Tionchair uaidh an 31 Bealtaine 2013. Neartaíodh an cur síos ar an bhfadhb le tuilleadh soiléireachta a thabhairt do mhéid na faidhbe a bhfuiltear ag dul i ngleic léi agus le huainiú an togra. Feabhsaíodh an cur síos ar na roghanna agus freisin an anailís ar éifeachtacht rogha na tosaíochta. Soiléiríonn an Measúnú Tionchair anois freisin ar bhealach níos mionchruinne na cúiseanna nach ionann an

⁶ Féach http://ec.europa.eu/internal_market/consultations/docs/2012/ucits/ucits_consultation_en.pdf

togra agus roinnt de na tuairimí a thug geallsealbhóirí áirithe le linn an phróisis chomhairliúcháin. Go háirithe, neartaíodh an réasúnaíocht faoin rogha gan cearta fuascailte a cheadú, ó thaobh chosaint infheisteoirí, agus ó thaobh ghlacadh infheisteoirí leis an rogha nua a bhfuil súil leis. Bíodh gur féidir gur lú an dóchúlacht go n-infheistíodh roinnt infheisteoirí i gciste atá gan chearta fuascailte ar éileamh, d'fhéadfadh na rioscaí a ghabhann leis na cearta sin an bonn a bhaint den tsamhail ciste, agus éifeachtúlacht laghdaithe na n-infheistíochtaí le leachtacht bhreise a áirithiú, laghdódh sé tionchar aon éilimh bhreise miondíola.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Bunús dlí agus rogha na foirme dlíthiúla

Cuireann Airteagal 114 (1) den CFAE bunús dlí ar fáil le haghaidh Rialacháin a chruthóidh forálacha aonfhoirmeacha atá dírithe ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Bunaíonn rialacha táirge stuamachta teorainneacha na rioscaí a bhaineann le cistí infheistíochta atá dírithe ar shócmhainní fadtéarmacha. Iontu féin, ní dhéanann siad rochtain ar ghníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní a rialáil ach rialaíonn siad an tslí a gcuirtear gníomhaíochtaí den sórt sin i gcrích, d'fhonn cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Tugann siad buntaca d'fheidhmiú ceart, sábháilte an mhargaidh inmheánaigh.

Agus cuspóir shláine an mhargaidh inmheánaigh á shaothrú, cruthóidh an beart reachtach atá beartaithe creat rialála do ELTIFanna, d'fhonn a áirithiú go mbeidh cistí den sórt sin faoi réir rialacha comhsheasmhacha ar fud an AE agus go mbeidh siad inaitheanta mar ELTIFanna ag infheisteoirí ar fud an AE. Is é is sprioc don Rialachán atá beartaithe sraith láidir, solúbtha, rialacha a chruthú a fhreagróidh go sonrach d'fhadtéarmacht na n-infheistíochtaí atá i gceist. Ba cheart go n-áiritheodh na rialacha atá beartaithe cothrom na Féinne idir bainisteoirí éagsúla cistí infheistíochta fadtéarmaí. Sa togra reachtaíochta seo, dá bhrí sin, déantar comhchuibhiú ar na dálaí oibriúcháin do na gníomhairí ábhartha uile i margadh na gcistí infheistíochta, ar mhaithe le gach infheisteoir agus d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh aonair i seirbhísí airgeadais.

Meastar gurb é Rialachán an ionstraim dhlí is iomchuí le ceanglais aonfhoirmeacha a thabhairt isteach a bheidh ag plé, i measc nithe eile, le raon feidhme sócmhainní incháilithe, le comhdhéanamh na punainne, rialacha éagsúlaithe, beartais fuascailte, chomh maith le rialacha maidir le húdarú na gcistí a bhfuil sé ar intinn iad a chur i mbun infheistíochtaí fadtéarmacha. Is é is cuspóir do na rialacha táirgí seo a áirithiú go n-oibreoidh ELTIFanna ar shlí níos éifeachtaí. Dul i mbun gníomhaíochtaí mar bhainisteoir ar ELTIF, tá sé á rialáil ag an Treoir AIFM. Leanfaidh gníomhaíochtaí na mbainisteoirí a bheith faoi réir na Treorach, ach beidh na táirgí infheistíochta fadtéarmaí á rialú ag an Rialachán atá beartaithe, de bhreis ar rialacha na Treorach AIFM.

3.2. Coimhdeacht agus comhréireacht

Bíonn cur chuige rialála náisiúnta teoranta ann féin don Bhallstát atá i gceist. Má dhéantar rialáil ar phróifíl táirgí ELTIF ar an leibhéal náisiúnta amháin, beidh baol ann go mbeidh táirgí infheistíochta éagsúla á ndíol mar chistí infheistíochta fadtéarmaí agus tréithe éagsúla acu. Chruthódh sé sin mearbhall d'infheisteoirí agus chuirfeadh sé bac ar réimse Chothrom na Féinne a theacht chun cinn ar fud an Aontais do na bainisteoirí sin a thairgeann ELTIFanna d'infheisteoirí gairmiúla agus/nó miondíola.

Toisc go bhfuil an earnáil bainistíochta sócmhainní go bunúsach trasteorann inti féin, thug ilroinnt reatha an mhargaidh ELTIF an earnáil seo le bheith ag oibriú faoi bhun an leibhéil éifeachtúil. Gníomhóidh an creat comhchuibhithe, inbhuanaithe atá molta le ELTIF a chumhdach mar fhoinsé maoinithe fadtéarmaí le haghaidh gheilleagar na hEorpa. Áiritheoidh

an creat nua maoiniú na dtionscadal agus earnálacha éagsúla agus cuirfidh sé foinsí cobhsaí ioncaim ar fáil d'infheisteoirí fadtéarmacha. Dá bhrí sin, tá margadh ELTIF uile-Eorpach de dhíth agus tá an beart reachtach atá beartaithe i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 (3) CAE agus leis an Dara Prótacal ar Fheidhmiú Phrionsabail na Coimhdeachta agus na Comhréireachta.

Maidir le comhréireacht, mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) CAE í, tagann an togra ar an gcothromaíocht chuí idir leas an phobail atá i gceist agus cost-éifeachtúlacht an bhirt. Tá faoi na rialacha atá beartaithe comhlipéad táirgí a chruthú a bhfuil suim láidir ag an bpobal ann agus a leagann síos bonn le haghaidh cómhargaidh a bheidh iomaíoch agus éifeachtúil ó thaobh costais le haghaidh ELTIF ar fud an Aontais. Rinneadh calabhrú cúramach ar na ceanglais a fhorchuirtear ar na páirtithe éagsúla. Aon uair is féidir, ceapadh na ceanglais mar chaighdeán íosta (e.g. teorainneacha éagsúlaithe eisitheora,) agus cuireadh ceanglais rialála in oiriúint ionas nach gcuirfidh siad isteach gan ghá ar shamhlacha gnó atá ann cheana. Go háirithe, chomhcheangail an Rialachán atá beartaithe paraiméadair atá oiriúnach le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha agus grúpaí infheisteoirí ar leith, trí na cúinsí slándála agus muiníne a bhaineann le haon ainmniú ELTIFanna a chur san áireamh go hiomlán. Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun creat dlíthiúil comhchoiteann i gcomhair ELTIF a bhaint amach, agus ag an am céanna tugann sé aghaidh ar na saincheistanna rialála a dhéanadh difear d'iontaofacht an lipéid.

3.3. Mínithe mionsonraithe ar an togra

An togra le haghaidh Rialacháin maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí (ELTIF), tá sé struchtúrtha ina seacht gcaibidil.

3.3.1. Caibidil I - Forálacha Ginearálta (Airteagail 1-6)

I gCaibidil I tá rialacha ginearálta, amhail ábhar agus raon feidhme an chreata ciste atá beartaithe, sainmhínte, an nós imeachta um ELTIFanna a údarú (ag leibhéal an chiste), agus an idirghníomhaíocht idir an Rialachán atá beartaithe le rialacha reatha lena rialaítear údarú na mbainisteoirí ar chistí infheistíochta malartacha, mar atá leagtha amach i dTreoir 2011/61/AE (Treoir AIFM).

In Airteagal 1 sonraítear ábhar agus leagtar amach an raon feidhme an Rialacháin. Déanann sé soiléir go bhfuil na ceanglais atá sa Rialachán uileghabhálach, rud nach bhfágann aon slí le 'hór-phlátáil' ag an leibhéal náisiúnta. In Airteagal 2 tá na sainmhínte riachtanacha is gá d'fheidhmiú aonfhoirmeach an Rialacháin atá beartaithe. Éilíonn Airteagal 3 go n-údarófaí AIFanna an AE i gcomhréir leis an Rialachán atá beartaithe d'fhonn iad a chur ar an margadh nó a bhainistiú ar fud an Aontais mar ELTIFanna. Forchoimeádfar an t-ainmniú 'Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha' (ELTIFanna) do AIFanna an AE a chomhlíonann an Rialachán atá beartaithe. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil d'oibleagáid ar bhainisteoir aicmí sócmhainní malartacha cloí leis an Rialachán atá beartaithe más mian leis/léi cistí atá dírithe ar shócmhainní fadtéarmacha a bhainistiú nó a mhargú gan úsáid a bhaint as an ainmniú atá beartaithe.

Forálann Airteagal 4 nós imeachta comhchuibhithe maidir le húdarú ELTIFanna agus leagann Airteagal 5 síos na coinníollacha le haghaidh údaraithe den sórt sin. Déanann Airteagal 6 cur síos ar an idirghníomhú idir rialacha Threoir 2011/61/CE atá ann agus an Rialachán atá beartaithe, á shonrú go bunúsach go mbeidh gurb é bainisteoir an ELTIF a áirítheoireoidh comhlíonadh leis an Rialachán.

3.3.2. *Caibidil II - Oibleagáidí maidir le beartais infheistíochta ELTIFanna (Airteagail 7-15)*

I gCaibidil II tá na rialacha maidir le polasaithe infheistíochta incheadaithe atá le saothrú ag ELTIF, amhail rialacha a bhaineann le hinfheistíochtaí incháilithe, comhdhéanamh na punainne agus éagsúlú, coinbhleacht leasa, comhchruinniúchán agus iasachtaí airgid thirim.

Foráiltear in Airteagal 7, i gcás inarb infheidhme, go measfar gach roinn infheistíochta in ELTIF mar ELTIF ar leith chun críocha Chaibidil II.

In Airteagal 8 tá cur síos ar dhá chatagóir sócmhainní airgeadais ar féidir le ELTIF infheistiú iontu: sócmhainní fadtéarmacha agus sócmhainní atá liostaithe in Airteagal 50 (1) de Threoir 2009/65/CE (Treoir GCU). Mar sin féin, ní dhéanfaidh ELTIF díol folamh ar shócmhainní, nochtadh do tráchtearraí a fháil, dul i mbun urrúis a iasachtú nó comhaontuithe iasachtaí urrúis, comhaontuithe athcheannaigh nó ionstraimí díorthacha airgeadais a úsáid mura n-úsáidtear na hionstraimí sin chun críocha fálaíthe.

Míníonn Airteagal 9 na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh sócmhainní fadtéarmacha, amhail na catagóirí éagsúla ionstraimí a úsáidtear chun rochtain a fháil ar ghnóthais cháilithe punainne, an infheistíocht i scaireanna nó in aonaid eile ELTIFanna agus rannpháirtíochtaí i sócmhainní fíora, amhail eastát réadach, longa nó aerárthaí. Leagann Airteagal 10 amach na coinníollacha do ghnóthas a bheith ina ghnóthas punainne incháilithe. Ba chóir don ghnóthas punainne cáilithe a bheith neamhliostaithe, sainchónaí a bheith air san AE agus an cuspóir a bheith aige tionscadail bhonneagair, cuideachtaí nó eastát réadach, longa agus aerárthaí a mhaoiniú. Níor cheart gur gnóthas comhinfeistíochta a bheadh ann.

In Airteagal 11 tá riail ghinearálta faoin dóigh a bpléifidh an bainisteoir ELTIF le coinbhleachtaí leasa. Ní ceadmhach do bhainisteoir aon leas pearsanta i sócmhainn fadtéarmach ina bhfuil an ELTIF infheistithe.

Cuireann Airteagal 12 rialacha mionsonraithe ar fáil maidir le comhdhéanamh na punainne is buntréith do ELTIF. Clúdaíonn sé freisin na rialacha éagsúlaithe nach mór do gach ELTIF a urramú i gcomhthéacs na sócmhainní infheistíochta incháilithe, amhail rialacha maidir leis an nochtadh riosca uasta atá ceadaithe do ELTIF vis-à-vis contrapháirtí amháin. In Airteagal 13 sonraítear na teorainneacha uasta is ceadaithe do ELTIF a shealbhú in eisiitheoir amháin (teorainneacha comhchruinnithe). Tugann Airteagal 14 na coinníollacha faoinar féidir le ELTIF airgid a thógáil ar iasacht. Tá forálacha in Airteagal 15 maidir le cur i bhfeidhm chomhdhéanamh na punainne agus na rialacha um éagsúlú, agus na céimeanna difriúla i saol chiste ELTIF á gcur san áireamh.

3.3.3. *Caibidil III - Fuascailt, trádáil agus eisiúint scaireanna nó aonad ELTIFanna agus dáileadh ioncaim (Airteagail 16-20)*

Pléann Caibidil III le beartas fuascailte ELTIFanna, le féidearthacht aonaid trádála nó scaireanna ELTIF ar mhargadh tánaisteach, scaireanna nó aonaid nua a eisiúint, diúscairt sócmhainní ELTIF agus dáileadh ioncaim leis na hinfheisteoirí in ELTIF.

Coisceann Airteagal 16 ar ELTIF ceart fuascailte a thairiscint dá chuid infheisteoirí roimh dheireadh shaolré ELTIF. Sainítear an saolré i rialacha an ELTIF agus freagraíonn sí do shaolré na sócmhainní aonair in ELTIF agus dá chuspóirí infheistíochta fadtéarmaí.

Déantar foráil in Airteagal 17 do thrádáil aonaid nó scaireanna ELTIF ar mhargaí rialáilte, chomh maith le haistriú saor aonaid nó scaireanna ELTIF chuig tríú páirtithe. In Airteagal 18 tá na coinníollacha faoina n-eisíonn ELTIF scaireanna nó aonaid nua, amhail réamhthairiscint d'infheisteoirí atá ann cheana nuair a bhíonn an praghas eisiúna faoi bhun NAV an ELTIF. Baineann Airteagal 19 leis an nós imeachta a ghlacfaidh gach ELTIF do dhiúscairt a

shócmhainní. Leagann Airteagal 20 síos na rialacha is infheidhme maidir le dáileadh an ioncam a ghin sócmhainní an ELTIF agus éilíonn sé ar ELTIF a bheartas um dháileadh a leagan amach ina chuid rialacha ciste.

3.3.4. Caibidil IV - Ceanglais trédhearcachta (Airteagal 21 agus Airteagal 22)

I gCaibidil IV tá rialacha trédhearcachta nuair a bhíonn ELTIFanna á bhfógairt d'infheisteoirí Ceanglaítear le hAirteagal 21 doiciméad tábhachtach faisnéise agus réamheolaire a fhoilsiú roimh ré sula margaítear an ELTIF d'infheisteoirí miondíola. Cuirfidh an réamheolaire agus aon doiciméad margaíochta eile na hinfeisteoirí ar an eolas mar gheall ar nádúr speisialta na hinfeistíochta fadtéarmaí isteach in ELTIF. Ceanglaítear le hAirteagal 22 ar bhainisteoir ELTIF na costais go léir a bhaineann leis an gciste a nochtadh i slí mhionsonraithe do na hinfeisteoirí.

3.3.5. Caibidil V – Margú (Airteagail 23-25)

I gCaibidil V tá na rialacha is infheidhme ar AIFM ón AE le haghaidh aonaid nó scaireanna ELTIF a mhargú d'infheisteoirí gairmiúla agus miondíola.

Ceanglaítear le hAirteagal 23 ar bhainisteoirí ELTIFanna áiseanna a bheith curtha i bhfeidhm acu i ngach Ballstát ina bhfuil sé beartaithe acu a nELTIFanna a mhargú. Déantar foráil in Airteagal 24 do na riachtanais breise nach mór do bhainisteoirí a chomhlíonadh d'fhonn margú d'infheisteoirí miondíola. Tógann Airteagal 25 ar na nósanna imeachta um fhógra atá sa Treoir AIFM chun a údarú do bhainisteoirí ELTIFanna an aonaid nó scaireanna a gcuid ELTIFanna a mhargú d'infheisteoirí ina mBallstát féin agus in aoi-Bhallstáit féideartha araon.

3.3.6. Caibidil VI – Maoirsiú (Airteagail 26-29)

I gCaibidil VI leagtar amach na rialacha is infheidhme maidir le maoirseacht ELTIFanna.

In Airteagal 26 soiléirítear ról na n-údarás ELTIF inniúil agus bhainisteoir an ELTIF faoi seach. Deir Airteagal 27 gur cheart cumhachtaí na n-údarás inniúil, faoi na Treoracha GCUI agus AIFM, a fheidhmiú freisin maidir leis an Rialachán atá beartaithe. Tagraíonn Airteagal 28 do chumhachtaí ESMA, ach forálann Airteagal 29 do chomhar idir na húdaráis mhaoirseachta.

3.3.7. Caibidil VII (Forálacha críochnaitheacha, Airteagail 30-31)

I gCaibidil VII tá rialacha maidir le hathbhreithniú ar fheidhmiú na rialacha a shamhlaítear a bheidh le hullmhú ag an gCoimisiún chomh maith le forálacha maidir le teacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá tionchar buiséadach an rialacháin ELTIF mar atá léirithe sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra.

2013/0214 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁷,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is uirlis cumasúcháin ríthábhachtach é an maoiniú fadtéarmach chun an gilleagar Eorpach a chur ar bhealach fáis inbhuanaithe, chliste agus chuimsithigh agus chun an gilleagar amach anseo a thógáil ar dhóigh nach mbeidh rioscaí córais ag cur isteach air chomh furasta sin agus a mbeidh sé níos athléimní. Soláthraíonn cistí infheistíochta fadtearmaí Eorpacha (ELTIFanna) maoiniú do thionscadail bhonneagair éagsúla nó do ghnólachtaí neamhliostaithe marthanacha a eisíonn ionstraimí cothromais nó fiachais nach bhfuil aon cheannaitheoir so-aitheanta ann dóibh. Trí mhaoiniú a sholáthar do na tionscadail sin, cuireann ELTIFanna do mhaoiniú gheilleagair an Aontais.
- (2) Ó thaobh an éilimh de, is féidir le ELTIFanna sruth ioncaim foisteanach a sholáthar do riarthóirí pinsin, d'eintitis eile a mbíonn dliteanais rialta agus athfhillteacha rompu. Cé go gcuireann siad níos lú leachtachta ar fáil, is féidir le ELTIFanna sruth ioncaim foisteanach a sholáthar d'infheisteoirí aonair atá ag brath ar an sreabh airgid is féidir le ELTIF a tháirgeadh. Lena chois sin, is féidir le ELTIFanna deiseanna maithe maidir le luachmhéadú caipitil thar am a chur ar fáil do na hinfheisteoirí sin nach bhfuil ag fáil srutha ioncaim fhoisteanigh.
- (3) Bíonn ganntanas ann in amanna ó thaobh tionscadal maidir le bonneagar iompair, giniúint nó dáileadh fuinnimh inbhuanaithe, bonneagar sóisialta (tithíocht nó ospidéal), feidhmiú céimneach teicneolaíochtaí agus córas lena laghdaítear úsáid acmhainní agus fuinnimh nó fás breise ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide Mar a léirigh an ghéarchéim airgeadais, b'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú, agus aghaidh á tabhairt ar bhearnaí sa mhaoiniú, dá gcomhlánófaí maoiniú ó na bainc le rogha níos leithne d'fhoinsí maoinithe lena mbainfí úsáid níos fearr as na margáí caipitil. Is féidir príomhról a bheith ag ELTIFanna chuige sin.
- (4) Cé gurbh fhéidir go mbeadh spéis ag infheisteoirí aonair infheistiú in ELTIF, ní féidir do ELTIF fuascailtí rialta a chur ar fáil dá infheisteoirí ós rud é go bhfuil sé neamhleachtach. Déantar tiomantas an infheisteora aonair d'infheistíocht go dtí deireadh théarma na hinfheistíochta mar gheall ar an gcineál tiomantais atá ann. Ba cheart, mar sin, ELTIFanna a struchtúró ar dhóigh nach mbeidh fuascailtí rialta le fáil uathu roimh dheireadh shaolré an ELTIF. Imscrúdófar le tuarascáil trí bliana tar éis ghlacadh an Rialacháin seo ar bhain an riail sin na torthaí a raibh súil leo amach maidir le dáileadh ELTIFanna nó an bhféadfadh tabhairt isteach, i líon teoranta cásanna, na rogha, i gcás roinnt infheisteoirí miondíola aonair, a n-aonaid nó a scaireanna a

⁷ IO C , , lch. .

fhuascailt roimh dheireadh an ELTIF, cuidiú a thabhairt dáileadh ELTIFanna i measc infheisteoirí miondíola aonair a mhéadú.

- (5) Ba cheart aicmí de shócmhainní fadtéarmacha de réir bhrí an Rialacháin seo, a bheith comhdhéanta de ghnóthais neamhliostaithe lena n-eisítear ionstraimí cothramais nó fiachais nach bhfuil aon cheannaitheoir so-aitheanta ann dóibh. Ba cheart go gcumhdódh an Rialachán seo sócmhainní iarbhir a bhfuil caiteachas láithreach de dhíth orthu.
- (6) In éagmais Rialacháin a leagfadh amach rialacha maidir le ELTIFanna, d'fhéadfadh sé go nglacfaí bearta nach mbeadh ag teacht le chéile ar an leibhéal náisiúnta, rud is dealraitheach a dtiocfadh mórshaobhadh iomaíochta as i ngeall ar éagsúlachtaí a bheith sna bearta maidir le cosaint infheistíochtaí. De dheasca na gceanglas maidir le punanna a chur le chéile gan a bheith ag teacht le chéile, de dheasca na héagsúlachta agus na sócmhainní is incháilithe, go háirithe an infheistíocht i dtráchtearraí, bíonn bacainní ar mhargaíocht maoiné atá dírithe ar mhargaíocht trasteorann gnóthas neamhliostaithe agus sócmhainní iarbhir ós rud é gur deacair d'infheisteoirí tairiscintí infheistíochta éagsúla a thairgtear dóibh a chur i gcomparáid le chéile. Lena chois sin, bíonn leibhéil éagsúla cosanta infheisteora ann de thoradh na gceanglas náisiúnta nach bhfuil ag teacht le chéile. Ar a bharr sin, bíonn neamhréitigh ann maidir le cosaint an iarrthóra mar gheall ar cheanglais náisiúnta a bhaineann le teicnící infheistíochta a bheith éagsúil, amhail leibhéil iasachtaíochta is ceadmhach, úsáid ionstraimí airgeadais díorthacha, rialacha maidir le hidirbhearta díola ghearr nó idirbhearta maoinithe urrús. Chomh maith leis sin, cuirtear bac ar dhíol cistí lena n-infheistítear i sócmhainní neamhliostaithe mar gheall ar cheanglais maidir le fuascailt agus/nó tréimhsí sealbhaíochta. Is féidir go mbainfear an bonn de mhuinín infheisteoirí a bheidh ag smaoineamh ar infheistíochtaí a dhéanamh sna cistí sin agus go laghdófar an raon a bheidh ag infheisteoirí roghnú go héifeachtach idir dheiseanna infheistíochta fadtéarmaí éagsúla ós rud é nach bhfuil na ceanglais sin ag teacht le chéile. Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 den Chonradh an bunús dlí cuí mar a léirmhínítear é i gcásdlí comhsheasmhach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- (7) Is gá rialacha aonfhoirmeacha ar fud an Aontais chun a áirithiú gur léir próifíl táirge chomhleanúnach ag na ELTIFanna ar fud an Aontais. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach go réidh agus go mbeidh ardleibhéal cosanta infheisteora ann, is gá rialacha aonfhoirmeacha a shocrú maidir le ELTIFanna a oibriú, go háirithe maidir leis an gcomhad ELTIFanna a chur le chéile agus maidir leis na hionstraimí infheistíochta is ceadmhach dóibh a úsáid chun nochtadh a fháil ar ghnóthais agus ar shócmhainní iarbhir. Lena chois sin, is gá rialacha aonfhoirmeacha a bheith ann maidir le comhad ELTIF chun a áirithiú go gcothabhálfaidh ELTIFanna atá dírithe ar ioncam rialta a ghiniúint comhad éagsúlaithe de shócmhainní infheistíochta lena féidir an tsreabh airgid rialta a choinneáil ar bun.
- (8) Tá sé rithabhachtach go n-áiritheofar go mbeidh sainmhíniú oibríthe ELTIFanna, go háirithe i ndáil leis an gcomhad ELTIFanna a chur le chéile agus na hionstraimí infheistíochta is ceadmhach dóibh a úsáid i bhfoirm Rialacháin, infheidhme go díreach maidir le bainisteoirí ELTIFanna agus is gá, mar sin, na rialacha nua sin a ghlacadh mar Rialachán. Áiritheoidh sin freisin go mbeidh coinníollacha aonfhoirmeacha ann maidir le húsáid an ainm 'ELTIF' trí chosc a chur ar éagsúlacht sna ceanglais náisiúnta. Ba cheart do bhainisteoirí ELTIFanna na rialacha céanna a leanúint ar fud an Aontais ionas go gcothófar muinín infheisteoirí in ELTIFanna agus go n-áiritheofar iontaofacht inbhuanaithe an ainm freisin. San am céanna, trí rialacha aonfhoirmeacha a ghlacadh, laghdófar castacht na gceanglas rialála is infheidhme maidir le ELTIFanna. Trí bhíthin

rialacha aonfhoirmeacha, laghdófar freisin an costas a bheidh ar na bainisteoirí rialacha náisiúnta éagsúla a chomhlíonadh maidir le cistí a infheistíonn i ngnóthais neamhliostaithe agus in aicmí sócmhainní iarbhir is inchomparáide leo. Beidh difear ar leith ann i gcás bainisteoirí ar mian leo caipiteal a thiomsú ar bhonn trasteorann. Cuideoidh sé freisin saobhadh iomaíoch a chealú.

- (9) Tá na rialacha nua maidir le ELTIFanna nasctha go dlúth le Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010⁸ ós í an Treoir sin an creat dlí lena rialaítear bunú, bainistiú agus margú Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFanna) san Aontas. De réir sainmhínithe, tá na ELTIFanna ina AIFanna ón AE a bhainistíonn bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (AIFManna) atá údaraithe i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE.
- (10) Cé go bhforáiltear i dTreoir 2011/61/AE do chóras dlí céimnithe tríú tír lena rialáiltear AIFManna agus AIFanna nach de AE iad, tá raon níos lú ag na rialacha nua maidir le ELTIFanna agus béim ar an ngné Eorpach den táirge infheistíochta fadtéarmaí nua. Dá bharr sin, ní bheidh incháilithe éirí ina ELTIF údaraithe ach AIF ón AE de réir bhrí Threoir 2011/61/AE agus sin ar choinníoll gur AIFM ón AE a fuair údarú i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE atá ina bhainisteoir air.
- (11) Ba cheart na Rialacha nua is infheidhme maidir le ELTIFanna a thógáil ar an gcreat rialála atá ann cheana agus a bunaíodh le Treoir 2011/61/CE agus leis na gníomhartha a glacadh chun í a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a bhaineann le ELTIFanna sa bhreis ar na rialacha atá leagtha síos i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana. Go háirithe, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha bainistíochta agus margaíochta atá leagtha síos i dTreoir 2011/61/AE maidir le ELTIFanna. Ar an gcuma chéanna, na rialacha maidir le soláthar trasteorann seirbhísí agus saoirse bhunaíochta atá leagtha síos i dTreoir 2011/61/AE, ba cheart feidhm a bheith acu dá réir maidir le gníomhaíochtaí trasteorann ELTIFanna. Ba cheart iad sin a chomhlánú leis na rialacha margaíochta sonracha a ceapadh i leith margaíochta trasteorann ELTIFanna chuig infheisteoirí miondíola agus gairmiúla araon ar fud an Aontais.
- (12) Ba cheart feidhm a bheith ag rialacha aonfhoirmeacha maidir leis na AIFanna ón AE ar mian leo iad féin a chur ar an margadh mar ELTIFanna. Níor cheart na rialacha sin a bheith ina gceangal ar AIFanna ón AE nach mian leo iad féin a chur ar an margadh mar ELTIFanna agus a thoilíonn, dá bhrí sin, gan tairbhe a bhaint as na buntáistí a thagann as sin. Ar an taobh eile, ní bheadh Gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna) agus AIFanna nach den AE iad incháilithe bheith ar an margadh mar ELTIFanna.
- (13) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh ELTIFanna na rialacha comhchuibhithe maidir le gníomhaíocht na gcistí sin, is gá ceanglas a bheith ann go n-údaróidh údaráis inniúla ELTIFanna. Ba cheart, mar sin, na nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le húdarú AIFManna agus faireachán orthu faoi Threoir 2011/61/AE a chomhlánú le nós imeachta údarúcháin ar leith maidir le ELTIFanna. Ba cheart nósanna imeachta a bhunú a áiritheoidh gur AIFManna ón AE arna n-údarú i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE agus ar féidir leo ELTIF a bhainistiú amháin a fhéadfaidh ELTIFanna a bhainistiú. Tabharfar na céimeanna cuí uile is gá chun a áirithiú go

⁸

IO L 174, 1.7.2011, lch. 1.

mbeidh sé ar chumas an ELTIF na rialacha comhchuibhithe maidir le gníomhaíocht na gcistí sin a chomhlíonadh.

- (14) Ós rud é gur féidir foirmeacha éagsúla dlí a bheith ar AIFanna ón AE nach dtugann dóibh pearsantacht dhlítheanach i gcónaí, ba cheart a mheas, maidir leis na forálacha a cheanglaíonn ar ELTIFanna gníomhú, gur ag tagairt do bhainisteoir an ELTIF atáthar i gcásanna ina bhfuil an ELTIF bunaithe mar AIF ón AE nach bhfuil ar a chumas gníomhú leis féin toisc nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige.
- (15) Chun a áirithiú go mbeidh ELTIFanna spriocdhírithe ar infheistíochtaí fadtéarmacha, ba cheart é bheith ina cheanglas i rialacha maidir leis an gcomhad ELTIFanna go sainaitheanach go soiléir catagóirí na sócmhainní ba cheart a bheith incháilithe d'infheistíocht a dhéanann ELTIFanna agus na coinníollacha faoinar cheart iad a bheith incháilithe. Ba cheart do ELTIF 70 % ar a laghad dá chaipiteal a infheistiú i sócmhainní infheistíochta incháilithe. Chun sláine ELTIFanna a áirithiú, ba mhaith an rud é freisin toirmeasc a chur ar ELTIF idirbhearta airgeadais áirithe a dhéanamh a chuirfeadh a straitéis agus a chuspóirí infheistíochta i mbaol trí rioscaí breise a thabhairt isteach nach ionann iad agus na rioscaí arbh fhéidir bheith ag súil leo i gcás ciste atá spriocdhírithe ar infheistíochtaí fadtéarmacha. Chun a áirithiú go ndéanfar go soiléir ar infheistíochtaí fadtéarmacha, rud ab fhéidir a bheith úsáideach ag infheisteoirí miondíola nach bhfuil eolas acu ar straitéisí is lú a luíonn leis an nós, níor cheart cead a bheith ag ELTIF infheistiú in ionstraimí díorthacha airgeadais ach amháin más chun fad tréimhse agus rioscaí malartaithe sócmhainní eile a theorannú a dhéantar sin. Ós rud é gur leachtach atá trádearraí agus ionstraimí díorthacha airgeadais a thugann nochtadh neamhdhíreach orthu, níl gealltanais infheisteora fadtéarmach de dhíth orthu agus ba cheart, mar sin, gan iad a chur sa chuntas. Ní bhaineann an réasúnaíocht sin le hinfheistíochtaí i mbonneagar nó i ngnólachtaí a bhfuil baint acu le trádearraí nó a bhfuil a bhfeidhmíocht nasctha go díreach le feidhmíocht trádearraí, amhail feirmeacha i gcás trádearraí talmhaíochta nó gléasraí cumhachta i gcás trádearraí fuinnimh.
- (16) Is leathan an sainmhíniú ar cad is infheistíocht fhadtéarmach ann. Cé nach mbíonn tréimhsí sealbhaíochta fada don bhainisteoir ELTIF de dhíth orthu i gcónaí, bíonn sócmhainní infheistíochta incháilithe neamhleachtach de ghnáth, bíonn gealltanais a mhairfidh fad ama áirithe de dhíth orthu, agus bíonn próifíl eacnamaíoch de chineál fadtéarmach acu. Tá sócmhainní infheistíochta incháilithe ina n-urrúis do-aistrithe agus, dá bhrí sin, ní bhíonn rochtain acu ar leachtacht margaí tánaisteacha. Is minic a bhíonn gealltanais téarma sheasta de dhíth orthu, rud a chuireann srian lena n-indíoltacht. Tá saolré eacnamaíoch na hinfheistíochta a lorgtar le ELTIFanna de chineál fadtéarmach go bunúsach mar gheall ar na gealltanais ardchaipitil agus an fad ama is gá chun torthaí a tháirgeadh. Dá dheasca sin, ní bhíonn na sócmhainní sin oiriúnach d'infheistíochtaí a bhfuil cearta fuascailte leo.
- (17) Ba cheart cead a bheith ag ELTIF infheistiú i sócmhainní seachas sócmhainní infheistíochta incháilithe, rud ab fhéidir a bheadh riachtanach chun a shreabh airgid a bhainistiú, ach ní níos faide ná mar a bheidh comhsheasmhach le straitéis fhadtéarmach infheistíochta an ELTIF.
- (18) Ní mór rannpháirtíochtaí, amhail ionstraimí cothromais nó cuasachothromais, ionstraimí fiachais i ngnóthais phunainne incháilithe agus iasachtaí a thugtar dóibh, a bheith san áireamh sa chiall atá le sócmhainní fadtéarmacha. Ba cheart rannpháirtíocht i gcistí eile atá dírithe ar shócmhainní amhail sócmhainní i ngnóthais neamhliostaithe a eisiúint ionstraimí cothromais nó fiachais nach mbíonn ceannaitheoir so-aitheanta ann

dóibh i gcónaí a chur san áireamh i gciall an téarma sin freisin. Ba cheart sealúchais dhíreacha sócmhainní iarbhír, murab é go bhfuil siad urrúsaithe, a bheith in n-aicme de shócmhainní incháilithe freisin.

- (19) Is é a chiall is gá a bheith le hionstraimí cuasacothromais, cineál ionstraime maoinithe ar teaghlaim é de chothromas agus d'fhiachas, sa chás ina bhfuil an fáltas ar an ionstraim nasctha le brabús nó le caillteanas an ghnóthais phunainne incháilithe agus i gcás nach bhfuil aisíoc na hionstraime i gcás mainneachtana lánurraithe. Ar na hionstraimí sin tá réimse ionstraimí maoinithe amhail fo-iasachtaí, rannpháirtíochta ciúine, iasachtaí rannpháirtíochta, cearta rannpháirtíochta brabúis, bannaí in-chomhshóite agus bannaí le barántais.
- (20) Chun freagairt do chleachtas gnó an lae inniu, ba cheart cead a bheith ag ELTIF scaireanna ó ghnóthas punainne incháilithe atá ann a cheannach ó scairshealbhóirí an ghnóthais sin atá ann. Lena chois sin, chun a áirithiú go mbeidh na deiseanna is leithne is féidir ann maidir le tiomsú airgid, ba cheart infheistíochtaí isteach in ELTIFanna eile a cheadú. Chun nach gcaolófar na hinfheistíochtaí isteach i ngnóthais phunainne incháilithe, níor cheart cead a bheith ag ELTIFanna infheistiú in ELTIFanna eile ach ar choinníoll nár infheistígh na ELTIFanna sin iad féin níos mó ná 10 % dá gcaipitil in ELTIFanna eile.
- (21) Bíonn sé riachtanach gnóthais airgeadais a úsáid in amanna chun ranníocaíochtaí infheisteoirí éagsúla, lena n-áirítear infheistíochtaí de chineál poiblí, a chomhthiomsú agus a eagrú isteach i dtionscadail bhonneagair. Ba cheart, mar sin, cead a bheith ag ELTIFanna infheistiú i sócmhainní infheistíochta incháilithe trí bhíthin gnóthas airgeadais, ar choinníoll go mbeidh na gnóthais sin tiomnaithe do thionscadail fhadtéarmacha a mhaoiniú.
- (22) Chun a chur ina luí ar infheisteoirí go rannchuidíonn ELTIFanna go díreach infheistíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt, ba cheart ELTIFanna a theorannú d'infheistíochtaí i ngnóthais nár liostaíodh. Dá bhrí sin, níor cheart gnóthais phunainne incháilithe a liostú ar mhargaí rialáilte. Ar ghnóthais phunainne incháilithe tá tionscadail bonneagair. infheistíocht i gcuideachtaí neamhliostaithe atá ag lorg fáis agus infheistíochtaí in eastát réadach nó i sócmhainní eile iarbhír arbh fhéidir go mbeadh siad oiriúnach do chríocha infheistíochta fadtéarmaí.
- (23) De bharr scála tionscadal bonneagar, bíonn suimeanna mór caipitil de dhíth orthu sin agus ní mór na suimeanna sin a fhágáil ina n-infheistíochtaí ar feadh tréimhsí fada. Ar na tionscadail bhonneagair sin tá bonneagar foirgneamh poiblí amhail scoileanna, ospidéal nó príosúin, bonneagar sóisialta amhail tithíocht shóisialta, bonneagar iompair amhail bóithre, córais iompair phoiblí nó aerfoirt, bonneagar fuinnimh amhail eangacha fuinnimh, tionscadail oiriúnaithe agus maolaithe aeráide, gléasraí cumhachta nó píblínte, bonneagar bainistíochta uisce amhail córais soláthair uisce, córais séarachais nó uisciúcháin, bonneagar cumarsáide amhail gréasáin agus bonneagar bainistíochta dramhaíle amhail córais athchúrsála nó bhailithe.
- (24) Bíonn deacrachtaí le gnóthais neamhliostaithe maidir le rochtain a fháil ar mhargaí caipitil agus fás agus leathnú breise a mhaoiniú. Tá an maoiniú trí bhunanna cothromais nó trí iasachtaí ina ghnáthmhodh tiomsaithe airgid. Ós buntréith de na hionstraimí sin bheith ina n-infheistíochtaí fadtéarmacha bíonn caipiteal foighneach de dhíth orthu, caipiteal is féidir a fháil ó ELTIFanna.
- (25) Bíonn caipiteal foighneach de dhíth ar infheistíochtaí i sócmhainní iarbhír ó nach bhfuil margáí leachtacha tánaisteacha ann. Is foinse ríthábhachtach maoinithe iad cistí

infheistíochta i gcás sócmhainní a bhfuil caiteachas mór caipitil de dhíth orthu. I gcás na sócmhainní sin, is minic is gá comhthiomsú caipitil chun an leibhéal maoinithe atáthar a iarraidh a bhaint amach. Bíonn tréimhsí fada ama de dhíth ar na hinfheistíochtaí sin ós rud é go mbaineann timthriall eacnamaíoch fhada leis na sócmhainní sin de ghnáth. Is gá roinnt blianta, de ghnáth, chun infheistíocht i sócmhainní iarbhir móra a amúchadh. Chun gur fusa na sócmhainní móra sin a fhorbairt, ba cheart é a bheith ar chumas ELTIFanna infheistiú go díreach i sócmhainní iarbhir ar níos mó ná € 10 milliún a luach. I dtéarmaí praiticiúla, bheadh sócmhainní amhail bonneagar, eastát réadach, longa, aerárthaí agus rothstoc san áireamh freisin. Is gá, ar na cúiseanna sin, sealúchais dhíreacha i sócmhainní iarbhir agus infheistíochtaí i ngnóthais phunainne incháilithe a láimhseáil ar an dóigh chéanna.

- (26) I gcás ina mbíonn geall ag bainisteoir i ngnóthas punainne, bíonn baol ann go dtabharfaidh an bainisteoir tús áite do leas na punainne thar leas na n-infheisteoirí sa chiste. Chun nach mbeidh an choinbhleacht leasa sin ann, is sócmhainní nach bhfuil baint acu leis an mbainisteoir amháin ar cheart don ELTIF infheistiú iontu.
- (27) Chun go mbeidh méid áirithe solúbthachta ag bainisteoirí ELTIFanna maidir lena gcistí a infheistiú, ba cheart cead a thabhairt trádáil i sócmhainní seachas infheistíochtaí fadtéarmacha a cheadú go dtí uastairseach 30 % dá gcaipiteal.
- (28) Chun teorainn a chur leis an riosca a dtéann ELTIFanna ina bhfiontar, tá sé rithabhachtach riosca contrapháirtí a laghdú trí phunainn ELTIFanna a beith faoi réir ceanglas soiléir maidir le héagsúlú. Ba cheart gach díorthach thar an gcuntar (OTC) a bheith faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála⁹.
- (29) Chun nach n-imreoidh ELTIF atá ag infheistiú tionchar iomarcach ar bhainistiú ELTIF eile nó ar chomhlacht eisiúna, is gá comhchruinniú iomarcach ELTIF san infheistíocht chéanna a sheachaint.
- (30) Chun gur féidir le bainisteoirí ELTIF airgead breise a thiomsú le linn saolré an chiste, ba cheart cead a thabhairt dóibh suimeanna airgid go dtí 30 % de chaipiteal an chiste a fháil ar iasacht. Ba cheart gurbh fhéidir toradh breise a sholáthar do na hinfheisteoirí leis sin. Chun an baol atá ann go mbeidh neamhréir airgeadra ann, níor cheart don ELTIF iasacht a fháil ach san airgeadra a mheasann an bainisteoir a mbeidh an tsócmhainn ann.
- (31) Ós rud é go bhfuil infheistíochtaí ELTIF fadtéarmach agus neamhleachtach, ba cheart go leor ama a bheith ag bainisteoirí chun na teorainneacha infheistíochta a chur i bhfeidhm. Ba cheart saintréithe na n-infheistíochtaí a chur san áireamh agus an tréimhse ama is gá chun na teorainneacha sin á ríomh, ach níor cheart an tréimhse sin a bheith os cionn cúig bliana.
- (32) Cé nach dtairgeann ELTIFanna cearta fuascailte roimh dheireadh shaolré an ELTIF, níor cheart aon bhac a bheith ar ELTIF cead isteach na scaireanna nó na n-aonad sin a iarraidh isteach i margadh rialáilte de réir shainmhíniú Airteagal 4(14) de Threoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais¹⁰, isteach i saoráid trádála iltaobhach de réir shainmhíniú Airteagal 4(15) de Threoir 2004/39/CE, nó isteach i saoráid trádála eagraithe de réir shainmhíniú (...) de Rialachán (...), rud a thabharfadh deis

⁹ IO L 201. 27.7.2012. lch. 1

¹⁰ IO L 145, 30.4.2004, lch.1.

d'infheisteoirí a n-aonaid nó a scaireanna a dhíol roimh dheireadh shaolré an ELTIF. Níor cheart, mar sin, na rialacha nó na hionstraimí maidir le ELTIF a ionchorprú a chosc go ligfí aonaid nó scaireanna isteach i margáí rialáilte ná go láimhseálfaí iontu iad, ná a chosc go n-aistreadh infheisteoirí a scaireanna nó a n-aonaid go héasca go tríú páirtithe ar mian leo na scaireanna sin nó na n-aonad sin.

- (33) Chun gur féidir le hinfeisteoirí a n-aonaid nó a scaireanna a fhuascailt tráth a bheith deireadh le saolré a gciste, ba cheart don bhainisteoir tosú ar phunann sócmhainní an ELTIF go luath chun a áirithiú go réadófar an luach go hiomlán. Agus sceideal ordúil dí-infheistithe á socrú aige, ba cheart don bhainisteoir ELTIF próifílí aibíochta éagsúla na n-infheistíochtaí agus an fad ama is gá chun ceannaitheoir a fháil do na sócmhainní ina bhfuil an ELTIF infheistithe a chur san áireamh. Ós rud é nach praiticiúil na teorainneacha infheistíochta a choinneáil le linn na tréimhse leachtaithe seo, ba cheart deireadh a theacht lena bhfeidhm nuair a thosaíonn an tréimhse leachtaithe.
- (34) Is féidir go dtabharfar liostú ar mhargadh rialáilte do na sócmhainní ina bhfuil ELTIF infheistithe le linn shaolré an chiste. Sa chás sin, ní bheidh an tsócmhainn ag comhlíonadh cheanglas neamhliostaithe an Rialacháin seo níos mó. Chun gur féidir le bainisteoirí dí-infheistiú óna leithéid de shócmhainn ar dhóigh ordúil, b'fhéidir don tsócmhainn sin leanúint de bheith san áireamh maidir leis an teorainn 70 % de shócmhainní infheistíochta incháilithe go cionn trí bliana ar a mhéad.
- (35) I bhfianaise saintréithe ELTIFanna, agus na hinfeisteoirí miondíola agus gairmiúla atá spriocdhírthe tá sé tábhachtach go gcuirfear ceanglais trédhearcachta dhaingne ar bun lena féidir le hinfeisteoirí ionchasacha cinneadh a dhéanamh ar bhonn eolais agus na rioscaí a fheiceáil go soiléir. Sa bhreis ar na ceanglais trédhearcachta atá i dTreoir 2011/61/AE, ba cheart do ELTIFanna réamheolaire a fhoilsiú ina mbeadh an fhaisnéis uile a cheanglaítear a fhógairt sna gnóthais chomh-infheistíochta den chineál dúnta i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ agus Rialachán Uimh. 809/2004/CE ón gCoimisiún¹². I gcás ELTIF a mhargú d'infheisteoirí ba cheart é a bheith éigeantach go bhfoilseofaí doiciméad faisnéise bunriachtanaí (KID) i gcomhréir le Rialachán Uimh. [...] de [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ar a bharr sin, ba cheart aird a tharraingt in aon doiciméid mhargaíochta ar phróifíl riosca an ELTIF.
- (36) Ós rud é go bhfuil ELTIFanna spriocdhírthe ar infheisteoirí gairmiúla agus miondíola araon ar fud an Aontais, is gá ceanglais áirithe a chur leis na ceanglais mhargaíochta atá leagtha síos i dTreoir 2011/61/AE chun a áirithiú go mbeidh leibhéal cuí cosanta d'infheisteoirí ann. Ar an dóigh sin, ba cheart saoráidí a chur ar fáil le haghaidh suibscríbhinní a dhéanamh, íocaíochtaí a thabhairt do shealbhóirí aonad nó do scairshealbhóirí, aonaid nó scaireanna a athcheannach nó a fhuascailt agus an fhaisnéis a chur ar fáil atá ceangailte ar an ELTIF agus ar a bhainisteoirí a sholáthar. Ar a bharr sin, chun go n-áiritheofar nach mbeidh infheisteoirí miondíola thíos leis i gcomparáid le hinfeisteoirí gairmiúla seanchleachta, is gá ráthaíochtaí áirithe a chur ar bun nuair a mhargaítear ELTIFanna d'infheisteoirí miondíola.
- (37) Ba cheart d'údarás inniúil an ELTIF a sheiceáil an bhfuil ELTIF in ann an Rialachán seo a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach. Ós rud é go bhfuil cumhachtaí leathana ar fáil ag na húdaráis inniúla cheana faoi Threoir 2011/61/AE, is gá na cumhachtaí sin a leathnú chun go bhfeidhmeofar iad i gcomhréir leis na comhrialacha nua maidir le ELTIFanna.

¹¹ IO L 345, 31.12.2003, lch. 64.

¹² IO L 149, 30.04.2004, lch 1.

- (38) Ba cheart ESMA a bheith in ann na cumhachtaí uile arna dtabhairt faoi Threoir 2011/61/AE maidir leis an Rialachán seo a fheidhmiú.
- (39) Ba cheart ról lárnach i gcur i bhfeidhm na rialacha maidir le ELTIFanna a bheith ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (ESMA), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún¹³, trína áirithiú go gcuirfidh údaráis inniúla náisiúnta i bhfeidhm rialacha an Aontais go comhsheasmhach. Ós rud é gur comhlacht é ag a bhfuil saineolas atá thar a bheith speisialaithe maidir le hurrúis agus margáí urrús, is éifeachtúil agus is cuí é forbairt dréachtchaighdeán teicniúil rialála, nach bhfuil baint acu le roghanna beartais, lena chur faoi bhráid an Choimisiúin, a chur mar chúram ar ESMA, maidir leis na cásanna inar leor fad saolré ELTIF chun cumhdach a dhéanamh ar shaolré gach ceann de na hurrúis aonair den ELTIF, ar na gnéithe den sceideal maidir le sócmhainní ELTIF a dhiúscairt go hordúil, ar shainmhínte, ar mhodhanna ríofa agus ar thíolacadh nochta costais, agus maidir le tréithe na saoraidí atá le bunú ag ELTIFanna i ngach Ballstát ina bhfuil sé beartaithe acu aonaid nó scaireanna a mhargú.
- (40) Ba cheart na rialacha nua aonfhoirmeacha maidir le ELTIFanna forálacha Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin¹⁴ agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin a chomhlíonadh¹⁵.
- (41) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá, a áirithiú go mbeidh na ceanglais maidir le hinfheistíochtaí agus coinníollacha oibríochta ELTIFanna ar fud an Aontais aonfhoirmeach, agus an gá á chur san áireamh atá le cothromaíocht a bhaint amach idir sábháilteacht agus iontaofacht ELTIFanna, ar an taobh amháin, agus le hoibríocht éifeachtúil an mhargaidh do mhaoiniú fadtéarmach agus leis an gcostas i gcás a gheallsealbhoirí éagsúla, ar an taobh eile, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir, dá bhrí sin, mar gheall ar a scála agus a éifeachtaí, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, arna leagan amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (42) Urramaítear leis na rialacha nua aonfhoirmeacha maidir le ELTIFanna na cearta bunúsacha agus comhlíontar leo na prionsabail arna n-aithint, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus cosaint tomhaltóirí, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun leigheas agus triail chóir a fháil agus cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart na rialacha nua aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta sin agus na prionsabail sin,

¹³ IO L 331, 15.12.2010, lch.84.

¹⁴ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31-50.

¹⁵ IO L 8, 12.01.2001, lch. 1-22.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1 *Ábhar*

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha maidir le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibríochta chistí infheistíochta malartacha (AIFanna) an AE a mhargaítear san Aontas mar chistí infheistíochta fadtéarmaí (ELTIFanna).
2. Ní chuirfidh na Ballstáit aon cheanglas breise leis an réimse atá cumhdaithe faoin Rialachán seo

Airteagal 2 *Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'caipiteal' ranníocaíochtaí caipitil comhiomlánaithe agus caipiteal geallta neamhghlaoite arna ríomh ar bhonn suimeanna is in-infheistithe tar éis na táillí, na muirir agus na costais uile a asbhaint a bhíonn le hÍOC, go díreach nó go hindíreach, ag na hinfeisteoirí;
- (2) ciallaíonn 'cothromas' leas úinéireachta i ngnóthas, a léirítear le scaireanna nó le foirmeacha eile sealúchais i gcaipiteal an ghnóthais phunainne incháilithe arna eisiúint ag a infheisteoirí;
- (3) ciallaíonn 'cuasachothromas' aon chineál ionstraim maoinithe, i gcás ina bhfuil an fáltas ar an ionstraim nasctha le brabús nó caillteanas an ghnóthais phunainne incháilithe agus sa chás nach bhfuil aisíocaíocht na hionstraim i gcás mainneachtana urraithe go hiomlán;
- (4) ciallaíonn 'gnóthas airgeadais' aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) institiúid creidmheasa mar atá sainmhínithe i bpointe 1 d'Airteagal 4 de Threoir 2006/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶;
 - (b) gnólacht infheistíochta mar atá sainmhínithe i bpointe 1 d'Airteagal 4(1) de Threoir 2004/39/CE;
 - (c) gnóthas árachais mar atá sainmhínithe i bpointe 1 d'Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷;
 - (d) cuideachta shealbhaíochta airgeadais mar atá sainmhínithe i bpointe 19 d'Airteagal 4 de Threoir 2006/48/CE;
 - (e) cuideachta shealbhaíochta gníomhaíochtaí measctha mar atá sainmhínithe i bpointe 20 d'Airteagal 4 de Threoir 2006/48/CE;
- (5) ciallaíonn 'údarás inniúil an ELTIF' údarás inniúil Bhallstát baile an AIF ón AE mar atá sainmhínithe in Airteagal 4(1)(p) de Threoir 2011/61/AE;

¹⁶ IO L 177, 30.06.06, lch 1.

¹⁷ IO L 335, 17.12.09, lch 1.

- (6) ciallaíonn 'Ballstát baile an ELTIF' an Ballstát ina bhfuil an ELTIF údaraithe.

Airteagal 3
Ainmniú a údarú agus a úsáid

1. Is iad na AIFanna ón AE amháin a bheidh incháilithe d'údarú mar ELTIF.
2. Ní mhargófar ELTIF san Aontas ach i gcás inar údaraíodh é i gcomhréir leis an Rialachán seo.
Beidh an t-údarú mar ELTIF bailí do na Ballstáit uile.
3. Ní úsáidfídh gnóthas comh-infheistíochta an t-ainm 'ELTIF' nó 'ciste infheistíochta fadtéarmaí' ach i dtaca leis féin nó i dtaca leis na haonaid nó na scaireanna a eisiónn sé i gcás inar údaraíodh sin i gcomhréir leis an Rialachán seo.
4. Cuirfidh údaráis inniúla an ELTIF an ESMA ar an eolas, gach ráithe, faoi údaruithe arna dtabhairt nó arna dtarraingt siar de bhun an Rialacháin seo.
Coinneoidh ESMA clár lárnach poiblí ina sainithneofar gach ELTIF arna údarú faoin Rialachán seo, a bhainisteoir agus údarás inniúil an ELTIF. Cuirfear an clár ar fáil i bhformáid leictreonach.

Airteagal 4
Údarú mar ELTIF a iarraidh

1. Iarrfaidh ELTIF údarú ar a údarás inniúil.
San iarratas ar údarú mar ELTIF beidh na nithe seo a leanas:
 - (a) rialacha an chiste nó na hionstraimí ionchorprúcháin;
 - (b) faisnéis ar aitheantas an bhainisteora;
 - (c) faisnéis ar aitheantas an taiscí;
 - (d) tuairisc ar an bhfaisnéis atá le cur ar fáil d'infheisteoirí;
 - (e) aon fhaisnéis nó aon doiciméad eile arna iarraidh ag údarás inniúil an ELTIF chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a fhíorú.
2. Iarrfaidh bainisteoir cistí infheistíochta malartacha (AIFM) arna údarú faoi Threoir 2011/61/AE údarú maidir le ELTIF a chuir isteach iarratas ar údarú i gcomhréir le mír 1 chuig údarás inniúil an ELTIF.
San iarratas ar údarú maidir le ELTIF a bhainistiú beidh na nithe seo a leanas:
 - (f) an comhaontú i scríbhinn leis an taiscí;
 - (g) faisnéis faoi shocruithe tarmligin maidir le bainistiú punainne agus riosca agus le riarachán i ndáil leis an ELTIF;
 - (h) faisnéis faoi na straitéisí infheistíochta, faoin bpróifíl riosca agus faoi shaintréithe eile AIFanna a bhfuil an AIFM údaraithe iad a bhainistiú.

Féadfaidh údarás inniúil an ELTIF soiléiriú a iarraidh ar údarás inniúil an AIFM ón AE chomh maith le faisnéis faoi na doiciméid dá dtagraítear sa dara fomhír, nó dearbhú lena soiléirítear an dtagann ELTIFanna faoi raon feidhme údarú an AIFM ón AE maidir le AIFanna a bhainistiú. Tabharfaidh údarás inniúil an AIFM ón AE freagra faoi cheann 10 lá oibre ón dáta a fuair sé an iarraidh arna cur isteach ag údarás inniúil an ELTIF.

3. Cuirfear in iúl don ELTIF agus do AIFM ón AE faoi cheann dhá mhí ón dáta a cuireadh isteach iarratas iomlán ar tugadh údarú don ELTIF.
4. Cuirfidh an BCIM aon mhodhnú a dhéanfar tar éis sin ar na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 in iúl láithreach d'údarás inniúil an ELTIF.

Airteagal 5

Coinníollacha maidir leis an údarú a thabhairt

1. Ní údarófar ELTIF is iarratasóir ach i gcás:
 - (a) ina bhfuil a údarás inniúil sásta go bhfuil sé ar chumas an ELTIF ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;
 - (b) inar údaraigh a údarás inniúil iarratas ó AIFM ón AE i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE ar an ELTIF, rialacha an chiste agus rogha an taiscí a bhainistiú.
2. Ní fhéadfaidh údarás inniúil an ELTIF iarratas an AIFM ón AE ar an ELTIF a úsáid a dhiúltú ach i gcás:
 - (a) nach gcomhlíonann an AIFM ón AE an Rialachán seo;
 - (b) nach gcomhlíonann an AIFM ón AE Treoir 2011/61/AE;
 - (c) nach bhfuil an AIFM ón AE údaraithe ag a údarás inniúil AIFanna a bhfuil cistí den chineál atá cumhdaithe sa Rialachán seo a bhainistiú;
 - (d) nár chuir an AIFM ón AE na doiciméid dá dtagraítear i mír 4(2) ar fáil.

Sula ndiúltaíonn sé d'iarratas, rachaidh údarás inniúil an ELTIF i gcomhairle le húdarás inniúil an AIFM ón AE.
3. Ní thabharfaidh údarás inniúil údarú mar ELTIF má dhéantar an ELTIF is iarrthóir a chosc go dlíthiúil ar a aonaid nó a scaireanna a mhargú ina Bhallstát baile.
4. Ní bheidh údarú mar ELTIF faoi réir ceanglais go mbainisteadh AIFM ón AE arna údarú i mBallstát baile ELTIF an ELTIF, nó go saothróidh nó go dtarmligfidh an AIFM ón AE aon ghníomhaíochtaí i mBallstát baile an ELTIF.

Airteagal 6

Rialacha is infheidhme agus diliteanas

1. Comhlíonfaidh ELTIF forálacha an Rialacháin seo i gcónaí.
2. Comhlíonfaidh ELTIF agus a bhainisteoir forálacha Rialacháin 2011/61/AE i gcónaí.
3. Beidh bainisteoir an ELTIF freagrach as comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. Beidh an bainisteoir faoi dhliteanas i gcás aon chaillteanas nó damáiste a thig as neamh-chomhlíonadh an Rialacháin seo.

Caibidil II

Oibleagáidí maidir le beartais infheistíochta ELTIFnna

ROINN 1

RIALACHA GINEARÁLTA AGUS SÓCMHAINNÍ INCHÁILITHE

Airteagal 7 *Ranna infheistíochta*

I gcás ina bhfuil níos mó ná roinn infheistíochta amháin i ELTIF, measfar gur ELTIF ar leith gach roinn chun críocha na Caibidle seo.

Airteagal 8 *Infheistíochtaí incháilithe*

1. Ní infheisteoidh ELTIF ach sna catagóirí sócmhainní seo a leanas agus ní dhéanfaidh siad sin ach faoi na coinníollacha atá sonraithe sa Rialachán seo:
 - (a) sócmhainní infheistíochta incháilithe;
 - (b) sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 50(1) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸.
2. Ní dhéanfaidh ELTIF aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:
 - (a) sócmhainní a dhíol go folamh;
 - (b) nochtadh díreach nó indíreach ar chothromas nó ar thráchtearraí a ghlacadh, lena n-áirítear díorthaigh, deimhniúcháin ar a son, innéacsanna bunaithe orthu, nó aon mhodhanna nó ionstraim eile lena nochtfaí iad;
 - (c) dul i mbun comhaontuithe i ndáil le hiasachtú urrús nó comhaontuithe i ndáil le hiasachtaíocht hurrús, agus comhaontuithe athcheannaigh, nó aon chomhaontú eile a chuirfeadh isteach ar shócmhainní an ELTIF;
 - (d) ionstraimí díorthacha airgeadais a úsáid, ach amháin más éard atá san ionstraim is bonn dóibh rátaí úis nó airgeadraí agus nach bhfuil de chuspóir aige ach fad tréimhse agus rioscaí malartaithe ar gnéithe iad d'infheistíochtaí eile an ELTIF a theorannú.

Airteagal 9 *Sócmhainní infheistíochta incháilithe;*

Ní bheidh sócmhainn dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(a) incháilithe d'infheistíocht ag ELTIF ach má bhíonn sé i gceann de na catagóirí seo a leanas:

- (a) ionstraimí cothromais nó cuasachothromais arna n-eisiúint:
 - (i) ag gnóthas punainne incháilithe agus arna bhfáil go díreach ag an ELTIF ón ngnóthas punainne incháilithe;
 - (ii) ag gnóthas punainne incháilithe mar mhalairt ar ionstraim cothramais a fuair an ELTIF go díreach agus roimhe sin ón ngnóthas punainne incháilithe;

¹⁸ IO L 302, 17.11.09, lch. 32.

- (iii) ag gnóthas ar foghnóthas faoi úinéireacht an mhóraithe mar mhalairt ar ionstraim cothramais arna fháil i gcomhréir le pointe (i) nó pointe (ii) ag an ELTIF ón ngnóthas punainne incháilithe;
- (b) ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag gnóthas punainne incháilithe;
- (c) iasachtaí arna dtabhairt ag an ELTIF do ghnóthas punainne incháilithe;
- (d) aonaid nó scaireanna de chuid ELTIF amháin eile nó roinnt ELTIFanna, Cistí Caipitil Fiontair Eorpacha (EuVECA) agus Cistí Eorpacha um Fhiontraíocht Shóisialta (SEFanna ón AE) ar choinníol nár infheistigh na ELTIFanna, na VECAanna ón AE agus SEFanna ón AE sin níos mó ná 10 % dá gcaipiteal in ELTIFanna;
- (e) sealúchais dhíreacha i sócmhainní iarbhir a bhfuil caiteachas caipitil láithreach EUR 10 milliún ar a laghad nó a chothrom san airgeadra de dhíth orthu tráth a thabhaítear an caiteachas.

Airteagal 10 *Gnóthas punainne incháilithe*

1. Beidh gnóthas punainne incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) ina ghnóthas punainne incháilithe nach gnóthas comhinfheistíochta é agus a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas ar fad:
 - (a) ní gnóthas airgeadais é;
 - (b) ní ligtear isteach i dtrádáil é:
 - (i) ar mhargadh rialáilte de réir bhrí Airteagal 4(14) de Threoir 2004/39/CE;
 - (ii) ar shaoráid trádála iltaobhach de réir bhrí Airteagal 4(15) de Threoir 2004/39/CE;
 - (iii) ar shaoráidí trádála eagraithe de réir bhrí phointe [...] de Rialachán [...];
 - (c) bunófar é i mBallstát, nó i dtríú tír má chomhlíonann an tríú tír na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) nach dlínse ardriosca nach bhfuil ag comhoibriú a shaináithin an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) atá inti;
 - (ii) go bhfuil comhaontú sínithe an tríú tír le Ballstát baile bainisteoir an ELTIF agus le gach Ballstát ina mbeartaítear aonaid agus scaireanna an ELTIF a mhargú, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tríú tír na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Samhailchoinbhinsiún Cánach ar ioncam agus ar chaipiteal EFCE agus lena áirithítear malartú éifeachtach faisnéis maidir le cúrsaí cánach, lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha.
2. De mhaolú ar mhír 1(a) den Airteagal seo, féadfar go mbeidh gnóthas punainne incháilithe ina ghnóthas airgeadais nach maoiníonn ach gnóthais phunainne incháilithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó sócmhainní iarbhir dá dtagraítear in Airteagal 9.

Airteagal 11
Coinbhleachtaí leasa

Ní infheisteoidh ELTIF i sócmhainn infheistíochta incháilithe ina bhfuil nó ina raibh leas an bhainisteora, go díreach nó go hindíreach, seachas trí aonaid nó scaireanna de chuid an ELTIF a bhainistíonn sé a shealbhú.

ROINN 2
FORÁLACHA MAIDIR LE BEARTAIS INFHEISTÍOCHTA

Airteagal 12
Punann a thiomsú agus a éagsúlú

1. Infheisteoidh ELTIF 70 % ar a laghad dá chaipiteal i sócmhainní infheistíochta incháilithe.
2. Ní infheisteoidh ELTIF níos mó ná:
 - (a) 10 % dá chaipiteal i sócmhainní arna n-eisiúint ag aon ghnóthas punainne incháilithe aonair;
 - (b) 10 % dá chaipiteal i sócmhainn iarbhír aonair;
 - (c) 10 % dá chaipiteal in aonaid nó i scaireanna aon ELTIF, VECA ón AE nó SEF ón AE aonair;
 - (d) 5 % dá chaipiteal i sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(b) i gcás in ar eisigh comhlacht aonair na sócmhainní sin.
3. Ní bheidh luach carnach aonaid ná scaireanna ELTIFanna, VECAanna ón AE agus SEFanna ón AE i bpunann ELTIF os cionn 20 % de luach a chaipitil.
4. Ní bheidh an nochtadh carnach riosca le contrapháirtí de chuid an ELTIF a thagann as idirbhearta díorthacha thar an gcuntar ná comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais os cionn 5 % dá chaipiteal.
5. De mhaolú ar mhír 2(a) agus ar mhír 2(b), féadfaidh an ELTIF an teorainn 10 % dá dtagraítear ann go dtí 20 % ar choinníoll nach mbeidh luach carnach na sócmhainní i seilbh an ELTIF i ngnóthais punainne incháilithe agus i sócmhainní iarbhír aonair ina n-infheistíonn sé os cionn 10 % dá chaipiteal, ní bheidh sé os cionn 40 % de luach a chaipitil.
6. Measfar gur gnóthais phunainne incháilithe aonair nó comhlachtaí aonair iad comhlachtaí a áirítear sa ghrúpa céanna chun críocha cuntas comhdhlúthaithe, arna rialú le Seachtú Treoir 83/349/CEE¹⁹ ón gComhairle, nó i gcomhréir le rialacha cuntasóireachta idirnáisiúnta aitheanta, chun críche na teorainneacha dá dtagraítear i míreanna 1 go 5 a ríomh.

Airteagal 13
Comhdhlúthú

1. Ní fhéadfaidh ELTIF níos mó ná 25 % d'aonaid nó de scaireanna ELTIF, VECA ón AE nó SEF ón AE aonair a fháil.

¹⁹ IO L 193, 18.7.1983, lch. 1.

2. Beidh feidhm ag na teorainneacha comhdhlúthaithe atá leagtha síos in Airteagal 56(2) de Threoir 2009/65/C maidir le hinfheistíochtaí sna sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(b) den Rialachán seo.

Airteagal 14
Airgead a fháil ar iasacht

Féadfaidh ELTIF airgead a fháil ar iasacht ar choinníoll go gcomhlíonann an iasacht sin na coinníollacha seo a leanas ar fad:

- (a) nach mó é ná 30 % de chaipiteal an ELTIF;
- (b) go bhfuil sé ina chuspóir aige rannpháirtíocht i sócmhainní infheistithe incháilithe a fháil;
- (c) go bhfaightear é in airgeadra na sócmhainní atá le fáil leis an airgead a fuarthas ar iasacht;
- (d) nach gcuireann sé bac ar réadú aon sócmhainne i seilbh i bpunann an ELTIF;
- (e) nach gcuireann sé aon bhac ar shócmhainní i seilbh i bpunann an ELTIF.

Airteagal 15
Rialacha maidir le punann a thiomsú agus a éagsúlú a cur i bhfeidhm

1. Maidir leis na teorainneacha infheistíochta atá leagtha síos in Airteagal 12(1):
- (a) tiocfaidh siad i bhfeidhm faoin dáta atá sonraithe i rialacha an ELTIF nó in ionstraimí ionchorprúcháin, i gcás ina mbeidh saintréithe na sócmhainní atá le hinfheistiú ag an ELTIF curtha san áireamh agus an dáta sin a shocrú agus ní bheidh sé níos déanaí ná cúig bliana tar éis údarú an ELTIF. i gcásanna eisceachtúla, féadfaidh údarás inniúil an ELTIF, ar chur isteach plean infheistíochta a bhfuil údar cuí leis, síneadh ar an teorainn ama sin nach mó ná aon bhliain amháin a fhorghnó;
 - (b) beidh deireadh lena bhfeidhm nuair a thosóidh an ELTIF ar shócmhainní a dhíol i gcomhréir lena bheartas fuascailte mar atá leagtha amach in Airteagal 16;
 - (c) beidh siad ar fionraí go sealadach i gcás ina dtiomsaíonn an ELTIF caipiteal breise, fad is nach mairfidh an fionraí sin níos mó ná 12 mhí.
2. I gcás ina n-eisíonn gnóthas punainne incháilithe nach gcomhlíonann Airteagal 10(1)(b) níos mó sócmhainn fhadtéarmach inar infheistigh ELTIF, féadfar leanúint den tsócmhainn fhadtéarmach a chuntas chun an 70 % a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 12(1) ar feadh trí bliana ar a mhéad ón dáta nach gcomhlíonann an gnóthas punainne na ceanglais in Airteagal 10 níos mó.

Caibidil III

Fuascailt, trádáil agus eisiúint scaireanna ELTIF nó aonad ELTIF agus dáiltí ioncaim

Airteagal 16
Beartas fuascailte

1. Ní fhéadfaidh infheisteoirí fuascailt a n-aonad ná a scaireanna a iarraidh roimh dheireadh shaolré an ELTIF. Féadfar fuascailt a dhéanamh d'infheisteoirí ón lá tar éis an dáta atá sainithe mar dheireadh shaolré an ELTIF.

Beidh deireadh shaolré an ELTIF léirithe go soiléir mar dháta sonrach i rialacha agus in ionstraimí ionchorprúcháin an ELTIF agus nochtfar d'infheisteoirí é.

Le rialacha nó le hionstraimí ionchorprúcháin an ELTIF agus le nochtaí d'infheisteoirí, leagfar síos na nósanna imeachta maidir le fuascailt agus diúscairt sócmhainní agus luafar go soiléir go gcuirfear tús le fuascailt d'infheisteoirí an lá tar éis an dáta atá sainithe mar dheireadh shaolré an ELTIF.

2. Beidh saolré an ELTIF fada a dhóthain chun saolré gach sócmhainn ar leith den ELTIF a chumhdach, arna thomhas de réir phróifíl neamhleachtach agus shaolré eacnamaíoch na sócmhainne, agus de réir chuspóir infheistíochta sonraithe an ELTIF.
3. Féadfaidh infheisteoirí foirceannadh an ELTIF a iarraidh murar tugadh sásamh dóibh i leith a n-iarrataí ar fhuascailt laistigh de bhliain tar éis dheireadh shaolré an ELTIF.
4. Beidh an rogha i gcónaí ag infheisteoirí aisíocaíocht in airgead tirim a fháil.
5. Ní fhéadfar aisíocaíocht chomhchineáil as sócmhainní an ELTIF a dhéanamh ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) foráiltear maidir leis an deis sin i rialacha nó in ionstraimí ionchorprúcháin an ELTIF, ar an gcoinníoll go gcuirfear cóir chothrom ar gach infheisteoir;
 - (b) iarrann an t-infheisteoir i scríbhinn go n-aisíocfaí é trí sciar de shócmhainní an chiste;
 - (c) ní chuireann aon rialacha sonracha srianadh ar aistriú na sócmhainní sin.
6. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na cúinsí ina mbeidh saolré ELTIF fada a dhóthain chun saolré gach sócmhainn ar leith den ELTIF a chumhdach.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [...].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 17

Margadh tánaisteach

1. Ní chuirfidh rialacha ná ionstraim ionchorprúcháin an ELTIF cosc ar aonaid nó scaireanna ELTIF a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 4(14) de Threoir 2004/39/CE nó ar shaoráid iltaobhach trádála mar a shainmhínítear í in Airteagal 4(15) de Threoir 2004/39/CE nó ar shaoráid trádála eagraithe mar a shainítear í ag pointe (...) de Rialachán (...).
2. Ní chuirfidh rialacha ná ionstraim ionchorprúcháin ELTIF cosc ar infheisteoirí a scaireanna nó a n-aonaid a aistriú go neamhshrianta go tríú páirtithe.

Airteagal 18

Eisiúint scaireanna nua nó aonad nua

1. Féadfaidh ELTIF eisiúintí nua scaireanna agus aonad a thairiscint i gcomhréir lena rialacha ciste nó a ionstraimí ionchorprúcháin.

2. Ní eiseoidh ELTIF scaireanna nua ná aonaid nua ar phraghas níos ísle ná a ghlanluach sócmhainne gan na scaireanna nó na haonaid sin a thairiscint roimh ré ar an bpraghas sin do na hinfheisteoirí atá ann cheana.

Airteagal 19
Diúscairt sócmhainní ELTIF

1. Glacfaidh gach ELTIF sceideal mionsonraithe le haghaidh diúscairt ordúla a chuid sócmhainní chun infheisteoirí a fhuascailt tar éis dheireadh shaolré an ELTIF.
2. Áireofar sa sceideal dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) measúnú ar an margadh do cheannaitheoirí ionchasacha;
 - (b) measúnú ar na praghsanna díolta ionchasacha agus comparáid eatarthu;
 - (c) luacháil ar na sócmhainní atá le dídhílsiú;
 - (d) creat ama cruinn don sceideal diúscartha.
3. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na critéir atá le húsáid sna measúnuithe i bpointe (a) agus sa luacháil i bpointe (c) de mhír 2.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [...].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 20
Dáileadh ioncaim

1. Féadfaidh ELTIF an t-ioncam arna ghiniúint ag na sócmhainní sa phunann a dháileadh go rialta ar infheisteoirí. Is éard a bheidh san ioncam sin:
 - (a) aon ioncam arna theacht go rialta ó na sócmhainní;
 - (b) an luachmhéadú caipitil a réadaíodh tar éis diúscairt sócmhainne, ach gan na bunghealltanais caipitil a tugadh a bheith san áireamh.
2. Ní dháilfear an t-ioncam thar mar a bheidh ag teastáil do ghealltanais an ELTIF amach anseo.
3. Luafaidh an ELTIF ina rialacha ciste nó ina ionstraimí ionchorprúcháin an beartas dáilte a bheidh á ghlacadh aige le linn shaolré an chiste.

Caibidil IV
Ceanglais trédhearcachta

Airteagal 21
Trédhearcacht

1. Ní dhéanfar aonaid ná scaireanna ELTIF údaraithe a mhargú san Aontas gan réamheolaire a fhoilsiú roimh ré.

Ní dhéanfar aonaid ná scaireanna ELTIF údaraithe a mhargú le hinfheisteoirí mórdhíola san Aontas gan Doiciméad Faisnéise Bunriachtanaí (DFB) a fhoilsiú

roimh ré i gcomhréir le Rialachán Uimh. [...] an [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰.

2. San áireamh sa réamheolaire beidh an fhaisnéis atá riachtanach d'infheisteoirí ionas go mbeidh siad in ann breith fheasach a thabhairt maidir leis an infheistíocht atá á moladh dóibh, agus, go háirithe, maidir leis na rioscaí a ghabhann léi.
3. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa réamheolaire:
 - (a) ráiteas ina leagfar amach conas a cháilítear an ciste mar chiste de chineál fadtéarmach i bhfianaise chuspóirí infheistíochta an ELTIF agus na straitéise chun na cuspóirí sin a bhaint amach;
 - (b) faisnéis le nochtadh ag gnóthais chomhinfeistíochta den chineál iata i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ agus le Rialachán (CE) Uimh.809/2004 ón gCoimisiún²²;
 - (c) faisnéis atá le nochtadh d'infheisteoirí de bhun Airteagal 23 de Threoir 2011/61/AE, mura bhfuil sé cumhdaithe cheana féin faoi phointe (b) den mhír seo;
 - (d) sonrú suntasach ar na catagóirí sin sócmhainní a bhfuil an ELTIF údaraithe infheistiú iontu;
 - (e) aon fhaisnéis eile a mheasann na húdaráis inniúla a bheith ábhartha chun críocha mhír 2.
4. Leis an réamheolaire, an doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus aon doiciméid mhargaíochta eile tabharfar fógra feiceálach d'infheisteoirí maidir le cineál neamhlachtach an chiste.

Go háirithe, sa réamheolaire, sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus in aon doiciméid mhargaíochta eile agus é go soiléir:

 - (a) cuirfear gach infheisteoir ar an eolas faoi cineál fadtéarmach na n-infheistíochtaí san ELTIF;
 - (b) cuirfear gach infheisteoir ar an eolas faoi dheireadh shaolré an ELTIF;
 - (c) sonrófar an bhfuil sé i gceist an ELTIF a mhargú le hinfeisteoirí mórdhíola;
 - (d) luafar nach bhfuil sé de cheart ag infheisteoirí a n-infheistíocht a fhuascailt go dtí deireadh shaolré an ELTIF;
 - (e) luafar minicíocht agus amchlár aon íocaíochtaí ioncaim, más ann dóibh, le hinfeisteoirí le linn shaolré an chiste;
 - (f) cuirfear comhairle ar infheisteoirí nach ceart ach cion beag dá bpunann foriomlán a infheistiú in ELTIF.

Airteagal 22 *Nochtadh costais*

1. Leis an réamheolaire cuirfear in iúl go feiceálach d'infheisteoirí leibhéal na gcostas éagsúla a bheidh le h-íoc go díreach nó go hindíreach ag an infheisteoir. Cuirfear na costais éagsúla i ngrúpaí de réir na gceannteideal seo a leanas:

²⁰ Tagairt don IO.

²¹ IO L 345, 31.12.2003, lch. 64.

²² IO L 149, 30.4.2004, lch 1.

- (a) na costais a bhaineann leis an ELTIF a chur ar bun;
 - (b) na costais a bhaineann le héadail sócmhainní;
 - (c) costais bhainistíochta;
 - (d) costais dáiliúcháin;
 - (e) costais eile, lena n-áirítear costais riaracháin, costais rialála, costais coinneála agus iniúchta.
2. Nochtfar sa réamheolaire cóimheas foriomlán na gcostas in aghaidh chaipitil an ELTIF.
 3. Léireofar sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí na costais uile arna leagan amach sa réamheolaire laistigh den chuntas ann ar na costais iomlána i dtéarmaí airgeadaíochta agus céatadáin.
 4. Forbróidh ESMA dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála chun an méid seo a leanas a shonrú:
 - (a) sainmhínithe, modheolaíochtaí ríomha agus formáidí láithreoireachta comhchoiteanna na gcostas dá dtagraítear i mír 1 agus an cóimheas foriomlán dá dtagraítear i mír 2;
 - (b) sainmhíniú comhchoiteann, modheolaíocht ríomha chomhchoiteann agus formáid láithreoireachta chomhchoiteann an chuntais ar na costais iomlána i mír 3.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á bhforbairt, tabharfaidh ESMA aird ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i bpointe (...) de Rialachán (...) [TIMPanna (Táirgí Infheistíochta Miondíola Pacáistithe)].

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [...].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Caibidil V

Margú aonaid agus scaireanna ELTIFanna.

Airteagal 23

Saoráidí a bheith ar fáil d'infheisteoirí

1. Cuirfidh bainisteoir ELTIF, i ngach Ballstát ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna an ELTIF sin a mhargú, saoráidí ar fáil chun síntiúis a dhéanamh, chun íocaíochtaí a dhéanamh le sealbhóirí aonad nó le scairshealbhóirí, chun aonaid nó scaireanna a athcheannach nó a fhuascailt, agus chun an fhaisnéis sin a bhfuil sé de cheangal ar an ELTIF agus a bhainisteoirí a sholáthar a chur ar fáil.
2. Forbróidh ESMA dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála chun cineálacha agus saintréithe na saoráidí a shonrú, chun a mbonneagar teicniúil a shonrú agus ábhar a gcúraimí maidir le hinfheisteoirí ELTIF dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [...].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 24

Ceanglais bhreise maidir le margú le hinfheisteoirí mórdhíola

Beidh bainisteoir ELTIF in ann aonaid nó scaireanna an ELTIF sin a mhargú d'infheisteoirí mórdhíola ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais bhreise seo a leanas:

- (a) foráiltear le rialacha nó le hionstraimí ionchorprúcháin an ELTIF go mbainfidh gach infheisteoir leas as cóir chomhionann agus nach dtabharfar cóir fhabhrach nó sochair eacnamaíochta shonracha d'infheisteoirí aonair nó do ghrúpaí infheisteoirí;
- (b) ní struchtúr comhpháirtíochta atá san ELTIF;
- (c) féadfaidh infheisteoirí mórdhíola, i rith na tréimhse shuibscríbhinne agus ar feadh dhá sheachtain ar a laghad tar éis aonaid nó scaireanna an ELTIF a thógáil, a síntiús a chur ar ceal agus an t-airgead a fháil ar ais gan aon phionós.

Airteagal 25

Margú aonaid agus scaireanna ELTIFanna.

1. Beidh bainisteoir ELTIF in ann aonaid nó scaireanna an ELTIF údaráithe sin a mhargú le hinfheisteoirí gairmiúla agus le hinfheisteoirí mórdhíola ina Bhallstát baile nuair a fhaigheann sé fógra i gcomhréir le hAirteagal 31 de Threoir 2011/61/AE.
2. Beidh bainisteoir ELTIF in ann aonaid nó ar scaireanna an ELTIF údaráithe sin a mhargú le hinfheisteoirí gairmiúla agus le hinfheisteoirí mórdhíola ina Bhallstát baile nuair a fhaigheann sé fógra i gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir 2011/61/AE.
3. Maidir le gach ELTIF ar leith sonróidh bainisteoir an ELTIF dá údarás inniúil cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe é a mhargú le hinfheisteoirí mórdhíola.
4. I dteannta na ndoiciméad agus na faisnéise a cheanglaítear de bhun Airteagail 31 agus Airteagail 32 de Threoir 2011/61/AE cuirfidh bainisteoir gach ceann acu seo a leanas ar fáil dá údarás inniúil:
 - (a) réamheolaire an ELTIF;
 - (b) doiciméad faisnéise bunriachtanaí an ELTIF i gcás a mhargaithe le hinfheisteoirí mórdhíola;
 - (c) faisnéis faoi na saoráidí dá dtagraítear in Airteagal 22.
5. Na hinniúlachtaí agus na cumhachtaí de chuid na n-údarás inniúil de bhun Airteagail 31 agus Airteagail 32 de Threoir 2011/61/AE, tabharfar le tuiscint go dtagraíonn siad do mhargú na ELTIFanna le hinfheisteoirí mórdhíola agus do chumhdach na gceanglas breise freisin arna leagan amach sa Rialachán seo.
6. I dteannta a chumhachta i gcomhréir le hAirteagal 31(3) an chéad mhír de Threoir 2011/61/AE, cuirfidh an t-údarás inniúil de Bhallstát baile an bhainisteora ELTIF cosc freisin ar mhargú ELTIF údaráithe mura gcomhlíonann nó mura gcomhlíonfaidh an bainisteoir ELTIF an Rialachán seo.
7. I dteannta a chumhachta i gcomhréir le hAirteagal 32(3) an chéad mhír de Threoir 2011/61/AE, diúltóidh an t-údarás inniúil de Bhallstát baile an bhainisteora ELTIF freisin comhad iomlán fógra a chur chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina

bhfuil sé beartaithe an ELTIF a mhargú, mura gcomhlíonann nó mura gcomhlíonfaidh an bainisteoir ELTIF an Rialachán seo.

Caibidil VI **Maoirseacht**

Airteagal 26

Maoirseacht ag na húdaráis inniúla

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla maoirseacht ar chomhlíonadh an Rialacháin seo ar bhonn leanúnach.
2. Beidh údarás inniúil an ELTIF freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha a leagtar síos i gCaibidlí II, III agus IV.
3. Beidh údarás inniúil an ELTIF freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i rialacha an chiste nó sna hionstraimí ionchorprúcháin agus ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa réamheolaire, a bheidh comhsheasmhach leis an Rialachán seo.
4. Beidh údarás inniúil bhainisteoir an ELTIF freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar leordhóthanacht shocruithe agus eagrúchán an bhainisteora ionas go mbeidh bainisteoir an ELTIF in ann na hoibleagáidí agus na rialacha a chomhlíonadh a bhaineann le comhdhéanamh agus feidhmiú na ELTIFanna go léir atá faoina stiúir.
Beidh údarás inniúil an bhainisteora freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonfaidh an Rialacháin seo ag bainisteoir an ELTIF.
5. Déanfaidh údaráis inniúla faireachán ar ghnóthais chomhinfheistíochta arna mbunú nó arna margú ina gcríocha lena fhíorú nach n-úsáideann siad sonrúchán an ELTIF ná nach dtugann siad le tuiscint gur ELTIF atá iontu ach amháin sa chas go bhfuil siad údaraithe chuige nó go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.

Airteagal 27

Cumhachtaí na n-údarás inniúil

1. Beidh gach cumhacht maoirseachta agus imscrúdaithe ag údaráis inniúla a bheidh de dhíth orthu chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú de bhun an Rialacháin seo.
2. Na cumhachtaí arna dtabhairt d'údaráis inniúla i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE feidhmeofar iad i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 28

Cumhachtaí agus inniúlachtaí ESMA

1. Beidh ag ESMA na cumhachtaí is gá chun na cúraimí a shanntar dó leis an Rialachán seo a dhéanamh.
2. Na cumhachtaí atá ag ESMA i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE feidhmeofar iad freisin i ndáil leis an Rialachán seo agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.
3. Chun críche Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, áireofar an Rialachán seo faoi aon ghníomh eile de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena dtugtar cúraimí don Údarás dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 1095/2010.

Airteagal 29
Comhar idir na húdaráis

1. Murab ionann údarás inniúil an ELTIF agus údarás inniúil an bhainisteora, oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis chun a gcuid dualgas faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.
2. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla agus ESMA le chéile chun a gcuid dualgas faoi seach a dhéanamh faoin Rialachán seo i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
3. Malartóidh na húdaráis inniúla agus ESMA gach faisnéis agus doiciméad is gá chun a gcuid dualgas faoi seach faoin Rialachán seo a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, go háirithe chun sárúithe ar an Rialachán seo a shainaithint agus a leigheas.

Caibidil VII
Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 30
Athbhreithniú

Tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar anailís san athbhreithniú go háirithe:

- (a) ar thionchar na forála in Airteagal 16(1) lena n-eisiatar infheisteoirí óna n-aonaid ná a scaireanna a fhuascailt roimh dheireadh shaolré an ELTIF. San athbhreithniú, agus aird á tabhairt ar dháileadh ELTIF ar chatagóirí éagsúla infheisteoirí, déanfar a mheas freisin dá ndéanfaí líon teoranta d'infheisteoirí mórdhíola aonaracha a dhíolmhú ó riail den chineál sin an mbeadh sé d'éifeacht aici éileamh ar ELTIF i measc infheisteoirí mórdhíola a mhéadú;
- (b) ar an tionchar ar éagsúlú sócmhainní a bheidh ag cur chun feidhme íosmhéid 70% de shócmhainní infheistíochta incháilithe arna leagan amach in Airteagal 12(1), go háirithe lena mheas ar ghá níos mó bearta i ndáil le leachtacht dá ndíolmhófaí líon teoranta infheisteoirí mórdhíola ón toirmeasc maidir le fuascailt a n-aonad roimh dheireadh shaolré an ELTIF;
- (c) ar raon margaithe ELTIFanna san Aontas, lena n-áirítear an spéis a d'fhéadfadh a bheith ag cistí infheistíochta malartacha (AIFanna) de réir Airteagal 3(2) de Threoir 2011/61/AE i margú ELTIFanna.

Cuirfear torthaí an athbhreithnithe seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus i gcás ina bhfuil gá leis, cuirfear tograí iomchuí le haghaidh leasuithe leis.

Airteagal 31
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Cuspóirí
- 1.5. Na forais atá leis an togra/tionscnamh
- 1.6. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*
 - 3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*
 - 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB²³

Margadh Inmheánach – Margaí airgeadais

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

x Baineann an togra/tionscnaimh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnaimh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**²⁴

☐ Baineann an togra/tionscnaimh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnaimh le **beart a atreoraíodh i dtreo birt nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnaimh dírithe

Sábháilteacht agus éifeachtúlacht na margaí airgeadais a mhéadú; an margadh inmheánach do sheirbhísí airgeadais a threisiú

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Gníomhú mar fhoinse maoinithe fadtéarmaigh don gheilleagar Eorpach; cothrom iomaíochta idir bainisteoirí cistí infheistíochta fadtéarmaí a áirithiú; an maoiniú neamhbhainc atá ar fáil do ghnólaigh a mhéadú; cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú

²³

ABM: Bainistíocht de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

²⁴

Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Is é aidhm an togra: margaíocht trasteorann i ndáil le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) a fheabhsú d'infheisteoirí miondíola agus gairmiúla araon trasna an Aontais; foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta comhchuibhithe chun cistí infheistíochta fadtéarmaí a údarú; na beartais infheistíochta is incheadaithe atá le saothrú ag cistí infheistíochta fadtéarmaí a shainaithint; coinbhleachtaí leasa a chosc; dlúthcheanglais trédhearcachta agus coinníollacha sonracha margaíochta a shocrú

1.4.4. *Táscairí lena léirítear toradh agus tionchar*

Sonraigh na táscairí lena léirítear an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Ba cheart tuarascálacha a ullmhú maidir le:

forbairtí i dtaca le margaíocht trasteorann ELTIFanna; tionchar an Rialacháin atá beartaithe ar chosaint infheisteoirí; an dul chun cinn atá déanta i dtaca le hiomaíocht neamhshaofa a bhaint amach; tionchar na mbeart beartaithe ar an gcomhthiomsú caipitil atá ar fáil d'infheistíochtaí fadtéarmacha (e.g. infheistíochtaí ar thionscadail bonneagair, eastát réadach agus cuideachtaí neamhliostaithe)

1.5. **Na forais atá leis an togra/tionscnamh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Mar thoradh ar ghlacadh an Rialacháin atá beartaithe:

- Tá méadú ar mhargaíocht trasteorann ar chistí infheistíochta fadtéarmaí tuartha;
- Dhéanfaí údarú na gcistí infheistíochta fadtéarmaí ag na húdaráis náisiúnta inniúla a chomhchuibhiú agus dhéanfaí an comhordú idir na maoirseoirí náisiúnta a fheabhsú;
- Beidh tuilleadh forbartha ar infheistíocht fhadtéarmach trasna an Aontais: le comhchuibhiú na gcoinníollacha oibríochta do na gníomhaithe ábhartha ar fad sa mhargadh cistí infheistíochta áiritheofar éifeachtúlacht cistí infheistíochta fadtéarmaí, agus chomh maith leis sin beidh barainneachtaí scála ann;
- Gabhfaidh torthaí rialta ó chistí infheistíochta fadtéarmaí chun sochair d'infheisteoirí institiúideacha, amhail cuideachtaí árachais agus cistí pinsin, chomh maith le hinfeisteoirí miondíola aonair;
- Beidh méadú ar rogha infheisteoirí agus cáilíocht na seirbhíse arna fáil;
- Cuirfidh trédhearcacht fheabhsaithe borradh faoi mhuinín infheisteoirí agus is dócha go mbeidh iomaíocht níos fearr ann dá bharr;
- Bheadh feabhas ar infheistíocht fhadtéarmach an gheilleagair Eorpaigh, go háirithe maidir le tionscadail bonneagair agus maoiniú fiontar beag agus meánmhéide;

1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

1) Leis an ilroinnt rialála cuirtear cosc ar infheisteoirí teagmháil a bheith acu le sócmhainní fadtéarmacha agus dá dheasca sin cuirtear cosc ar an méadú ar chomhthiomsú caipitil agus saineolas infheistíochta lena gcruthaítear barainneachtaí scála do chistí infheistíochta fadtéarmaí;

2) Is é a bheadh mar thoradh ar easpa gníomhaíochta ar leibhéal an AE mearbhall ar infheisteoirí agus chuirfí bac ar theacht chun cinn cothroim iomaíochta idir bainisteoirí cistí infheistíochta fadtéarmaí;

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile dá leithéid san am a chuaigh thart*

Tugadh isteach ar dtús leis an Treoir maidir le GCUInna (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) sraith láidir rialacha táirgí arna n-úsáid ag cistí infheistíochta atá ar fáil d'infheisteoirí miondíola. Is fiú EUR 6 697 billiún sócmhainní GCUInna anois faoin mbainistíocht. Ní chiallaíonn tionscnamh GCUInna go mbeidh na leibhéil chomhchosúla suime ann ó na hinfeisteoirí mar thoradh ar chruthú ELTIF, ach léirítear ann an rath a d'fhéadfadh a bheith ar thionscnaimh mar sin ar fud an AE.

1.5.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Leis na rialacha atá beartaithe cuirtear leis an gcreat rialála atá ann cheana agus a bunaíodh le Treoir 2011/61/AE (Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha) agus na gníomhartha a glacadh chun í a chur chun feidhme. Déantar na nósanna imeachta údaraithe agus maoirseachta comhchuibhithe do bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha faoin Treoir a fhorlíonadh le nós imeachta údaraithe do ELTIFanna. Anuas air sin, tá feidhm ag na rialacha táirgí maidir le ELTIFanna i dteannta na rialacha atá leagtha síos i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, seachas má bhaintear an fheidhm díobh go sonrach. Beidh feidhm go háirithe ag na rialacha bainistíochta agus margaíochta atá leagtha síos sa chreat atá ann cheana, chomh maith leis na rialacha maidir le soláthar trasteorann seirbhísí agus saoirse bhunaíochta atá san áireamh sa Treoir i dtaca le ELTIFanna.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

- ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse teoranta**
- ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB
- x Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**
- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2015 go 2020,
- cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe²⁵

- ☐ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún
- ☐ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:
 - ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
 - x comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail²⁶
 - ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu
 - ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais
- ☐ **Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit**
- ☐ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha
- ☐ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta (**tabhair sonraí**)
 - *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

²⁵ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

²⁶ Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh cé chomh minic, agus na coinníollacha. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

In Airteagal 81 den Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí (ESMA) déantar foráil maidir le meastóireacht ar an taithí arna fáil mar thoradh ar oibríocht ESMA laistigh de thrí bliana ó thús éifeachtach a oibríochta. Chuige sin, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ghinearálta a chuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Tá gá leis an acmhainn bhreise do ESMA dá bhforáiltear mar gheall ar an togra reatha chun ligean do ESMA a chuid inniúlachtaí a chur i gcrích agus go háirithe a ról a chomhlíonadh maidir leis an méid seo a leanas:

- Comhchuibhiú agus comhordú rialacha an Rialacháin maidir le ELTIFanna a áirithiú trí chaighdeáin rialála a dhréachtú;
- Cur i bhfeidhm comhsheasmhach cumhachtaí rialála náisiúnta a threisiú agus a áirithiú trí threoirlínte a eisiúint agus trí chaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a dhréachtú;
- An fhaisnéis is gá maidir le rannpháirtithe sa mhargaíocht airgeadais fhadtéarmach a bhailiú agus a fhoilsiú;

Ní fhéadfadh easpa na hacmhainne sin comhlíonadh tráthúil agus éifeachtúil ról ESMA a áirithiú.

2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach arna bhunú

Beidh feidhm freisin ag na córais bainistíochta agus rialaithe dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le ESMA i dtaca le ról ESMA de réir an togra reatha.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Chun críocha calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhlíthiúil eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir leis an ESMA, atá mar choinníoll in Airteagal 66(1) den Rialachán maidir le ESMA.

Aontóidh ESMA do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus glacfaidh sé forálacha iomchuí láithreach bonn maidir le foireann uile ESMA, dá bhforáiltear in Airteagal 66(2) den Rialachán maidir le ESMA.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [...][Ceannteideal.....]	LD/LN ⁽²⁷⁾	ó thíortha CSTE ²⁸	ó thíortha is iarrthóirí ²⁹	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
1.a	[12.03.04][ESMA]	LD	IS EA	IS EA	NÍ hEA	NÍ hEA

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheanteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [...][Ceannteideal.....]	LD/LN	ó thíortha CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais

²⁷ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte

²⁸ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

²⁹ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

Ní bheidh de thionchar ar chaiteachas ach an méid a bhaineann le 2 ghníomhaire shealadacha bhreise a fhostú ar feadh tréimhse neamhtheoranta ama. Déanfar na cúraimí nua leis na hacmhainní daonna atá ar fáil laistigh den nós imeachta um leithdháileadh buiséid, i bhfianaise srianta ar an mbuiséad a mbaineann le gach comhlacht den AE agus atá i gcomhréir leis an gclárú airgeadais do na gníomhaireachtaí.

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	1.a	Iomaíochas don Fhás agus do Phoist
---	-----	------------------------------------

DG: MARKT			2015	2016	2017	2018	2019	2020	IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí									
12.03.04 ESMA	Gealltanais	(1)	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788
	Íocaíochtaí	(2)	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788
Uimhir na líne buiséid	Gealltanais	(1a)							
	Íocaíochtaí	(2a)							
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach ³⁰									
Uimhir na líne buiséid		(3)							
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair DG MARKT	Gealltanais	=1+1a +3	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788
	Íocaíochtaí	=2+2a +3	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788

³⁰ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788
	Íocaíochtaí	(5)	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach		(6)							
IOMLÁN leithreasuithe do Ceannteideal 1.a den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi Ceannteidil 1 go 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

Nóta tráchtta: ní chuirtear san áireamh anseo ach 40% den chostas iomlán, is iad na Ballstáit a mhaoiníonn an 60% eile.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	5	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
DG: <.....>									
• Acmhainní daonna									
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN DG <.....>	Leithreasuithe								

IOMLÁN leithreasuithe do CHEANTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)								
---	--	--	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2015	2016	2017	2018	2019	2020	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788
	Íocaíochtaí	0.140	0.130	0.130	0.130	0.130	0.130	0.788

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Nóta tráchta:

Féach thuas.

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Saghas ³¹	Meán chostas Líon	Líon	Líon	Líon	Líon	Líon	Líon	Líon	Líon	Líon	Líon	No	Líon	Líon	Líon	Líon	Líon iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ³² ...																		
Aschur																		
Aschur																		
Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach																		

³¹ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).
³² Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

Uimh. 2																
COSTAS IOMLÁN																

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ³³	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	---------------------------	---------------	---------------	---------------	--	--------

CEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5³⁴ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN								
---------------	--	--	--	--	--	--	--	--

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

³³

Is í bliain N an bhliain a gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

³⁴

Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Nóta tráchtá:

- Ní theastóidh aon acmhainní breise daonna na riaracháin ó DG MARKT de thoradh an togra. Beidh 2 ghníomhaire shealadacha bhreise ag teastáil in ESMA ar feadh tréimhse teoranta.

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaí onn le fad an tioncha ir a thaispe áint (féach pointe 1.6)		
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)							
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)							
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)							
10 01 05 01 (Taighde díreach)							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)³⁵							
XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón 'gclúdach iomlánaíoch')							
XX 01 02 02 (CA, SNE, INT ón 'gclúdach iomlánaíoch')							
XX 01 04 yy ³⁶	- sa cheanncheathrú						
	- Toscaireachtaí						
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)							
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN							

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón Ard Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhiort faoina cúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe taobh istigh den Ard Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséid.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

³⁵ CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne Áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht).

³⁶ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

- ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.
- ☒ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil³⁷.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.
- ☒ Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	IOMLÁN
<i>Na Ballstáit trí mhaoirseoirí náisiúnta an AE *</i>	0.210	0.194	0.194	0.194	0.194	0.194	1.181
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe	0.210	0.194	0.194	0.194	0.194	0.194	1.181

* Meastachán atá bunaithe ar an sásra maoinithe atá sa Rialachán maidir le ESMA (na Ballstáit 60%, an Comhphobal 40%)

³⁷ Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (don tréimhse 2007-2013).

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ³⁸						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncaim ilghnéithigh atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

³⁸

A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach i gcomhair togra le haighaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna)

Is é aidhm an togra seo cuidiú cur leis an linn caipitil atá ar fáil le haghaidh infheistíochta fadtéarmaí i bhfíorgheilleagar an Aontais Eorpaigh. Déanfar é sin trí chineál nua feithicle ciste a chruthú, Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí AE nó ELTIFanna. Táthar ag súil go mbeidh ELTIFanna, de bhua na n-aicmí sócmhainne a mbeidh cead acu infheistiú iontu, in ann torthaí fadtéarmacha, cobhsaí a chur ar fáil d'infheisteoirí. Mheasfaí sócmhainní incháilithe a bheith mar chuid de 'infheistíochtaí malartacha' - aicmí sócmhainne atá lasmuigh den sainmhíniú traidisiúnta ar scaireanna agus bannaí atá liostaithe. Cuimsíonn infheistíochtaí malartacha eastát réadach, caipiteal fiontair, cothromas príobháideach, cistí fálaíthe, cuideachtaí neamh-liostaithe, urrúis shuaite agus tráchtearraí, ní dhíreodh ELTIFanna ach ar infheistíochtaí malartacha a thagann laistigh de chatagóir sainmhínithe d'aicmí sócmhainne fadtéarmacha a n-éilíonn a bhforbairt rathúil tiomantas fadtéarmach ó infheisteoirí.

Is gá cur chuige na n-infheisteoirí a athraonadh ó bheith ag déanamh infheistíochtaí nach mbaineann ach ionchas gearrthéarmach leo agus ó bheith ag infheistiú i sócmhainní a éilíonn tiomantais ghearrthéarmacha. Bealach amháin chun é sin a dhéanamh na bacainní a laghdú atá orthu tiomantais fhadtéarmacha a dhéanamh do shócmhainní amhail tionscadail bhonneagair, trí rud ar a dtugtar go minic 'caipiteal foighneach' a sholáthar. Ní féidir an cineál seo infheistíochta a fhuascailt ar feadh roinnt blianta, ach infheistítear iad ar dhóigh go mbeidh siad in ann torthaí cobhsaí agus intuatha a chur ar fáil. Bheadh tionscadail bhonneagair nó lamhálaí oibríochta den chineál sin. Caipiteal a infheistítear sa tslí fhadtéarmach, 'fhoighneach' seo, tugann sé tairbhe don fhíorgheilleagar trí shreabha intuatha, inbhuanaithe airgeadais do ghnólaí, a chruthaíonn fostaíocht, a chur ar fáil.

Chun a áirithiú go mbainfear ar bhealach éifeachtach aon bhacainní atá ar mhargadh uile-Eorpach in ELTIFanna agus aon bhacainní ar iontaoibh infheisteoirí as na cistí sin, is gá a áirithiú gurb ann don leibhéal is airde cóineasaithe maoirseachta agus maoirsiú iomchuí. Beidh an-tábhacht ag baint le ról ESMA dá bhrí sin, ó thaobh forbartha ceanglas rialála mionsonraithe chun cóineasú agus aonhfhoirmeacht a bhaint amach sa mhargadh, agus ó thaobh tacú le maoirseacht leanúnach araon.

Rinneadh meastachán ar na costais a bhaineann leis na cúraimí atá le déanamh ag ESMA i gcás caiteachais ar fhoireann (Teideal 1), i gcomhréir leis an aicmiú costas atá i ndréacht-bhuiséad ESMA. Cuimsíonn togra an Choimisiúin forálacha go bhforbróidh ESMA ceithre cinn de chaighdeáin theicniúla rialála. Thairis sin, beidh ar ESMA clár lárnach a choinneáil de na ELTIFanna uile atá údaraithe. Beidh deis ag ESMA treoirilínte a fhorbairt do na réimsí a chumhdaíonn an Rialachán seo. Beidh ról ag ESMA freisin maidir lena áirithiú go ndéanfaidh údarais inniúla na mBallstát comhoibriú agus comhordú réidh le chéile maidir le maoirseacht ELTIFanna.

Glacadh leis go dtiocfadh an Rialachán i bhfeidhm go luath in 2015, agus dá bhrí sin teastóidh na hacmhainní breise do ESMA ó 2015. Rinneadh meastachán ar an bhfoireann bhreise a theastóidh i ngeall ar na caighdeáin theicniúla, ar an gcomhairle agus ar an gclár a mbeidh ESMA ina mbun; agus i gcomhair cúraimí buana eile a ghabhann le feidhm ESMA maidir le feabhas a chur ar chomhar leis na húdaráis inniúla agus ar chóineasú maidir le cleachtais mhaoirseachta. Maidir leis an gcineál post a bheidh ann, go háirithe ar mhaithe le caighdeáin theicniúla nua a sholáthar go ráthúil agus go tráthúil, teastóidh tuilleadh oifigeach beartais, oifigeach dlí agus oifigeach measúnaithe tionchair.

Úsáideadh na toimhdí seo a leanas le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar líon na FTEnna a theastóidh le caighdeáin theicniúla, treoirilínte agus tuarascálacha a fhorbairt:

- Féadann oifigeach beartais amháin 1.5 caighdeán teicniúil ar an meán a dhréachtadh in aghaidh na bliana. Éilíonn an obair seo ar fad obair ullmhúcháin amhail:
- Cruinnithe déthaobhacha agus iltaobhacha le geallsealbhóirí
- Anailís agus measúnú ar roghanna agus dréachtadh na ndoiciméad comhairliúcháin
- Comhairliúchán poiblí le geallsealbhóirí
- Bunú agus bainistiú buanghrúpaí saineolaithe ina bhfuil maoirseoirí ó na Ballstáit
- Bunú agus bainistiú grúpaí saineolaithe ad hoc ina bhfuil lucht an mhargaidh agus ionadaithe infheisteoirí
- Anailís ar na freagraí ar chomhairliúcháin
- Dréachtadh anailíse costais/sochair
- Dréachtadh an téacs dhlíthiúil

Ba ghá clár lárnach a fhorbairt (sonrú tionscadail TF, measúnú ar thairiscintí, bainistiú tionscadail). Dhéanfaí cothabháil leanúnach ar an gclár sin ina dhiaidh sin, d'fhonn a áirithiú go bhfuil sé cruinn agus iomlán.

Thairis sin, beidh obair eile riachtanach ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear comhordú ghníomhaíocht maoirseoirí na mBallstát, obair chun cleachtais mhaoirseachta a shainaithint agus chun cóineasú a chur chun cinn iontu, réiteach díospóidí agus próisis eadrána, agus faireachán margaidh agus obair measúnaithe chun treochtaí a shainaithint sa mhargadh Eorpach in infheistíochtaí fadtéarmacha agus aon rioscaí atá ag teacht chun cinn a léiriú d'infheisteoirí nó chun aon bhacainní a aithint atá ar fheidhmiú réidh an mhargaidh aonair sna cistí sin.

Ciallaíonn sé sin go dteastaíonn dhá FTE bhreise ó 2015. Glacadh leis go gcoinneofaí an méadú sin ar FTEnna idir 2006 agus 2020 ós rud é gur dealraithí nach gcuirfear bailchríoch ar na caighdeáin go dtí 2016-2017 agus teastóidh sé iad a chur chun feidhme go dtí 2020, agus thiofadh méadú ar na cúraimí leanúnacha de chuid ESMA a bhfuil tuairisc orthu thuas i ndiaidh na hoibre cur chun feidhme.

Toimhdí eile:

- Bunaithe ar dháileadh na FTEnna ó 2015 ar aghaidh, glactar leis gur beirt ghníomhairí sealadacha a bheidh sa bheirt FTEnna breise
- Is ar threoir ó Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid atá na meánchostais bhliantúla tuarastal i gcás catagóirí éagsúla pearsanra bunaithe;
- Comhéifeacht ualaithe tuarastail 1.16 i gcás Pháras;
- Glactar leis go mbeidh €10,000 in aghaidh na bliana i gceist le costais mhisean
- Meastar go mbeidh €12,700 i gceist le costais a bhaineann le hearcaíocht (taisteal, óstáin, scrúduithe leighis, aistriú agus líuntais eile, costais aistrithe, etc),
- Tá an modh lena ríomhtar an méadú ar an mbuiséad a theastaíonn don na 6 bhliana léirithe ar dhóigh níos sonraithe sa tábla thíos. Léirítear sa ríomh go gcistítear 40% de na costais as buiséid an Chomhphobail.

Saghsanna costais	Ríomhanna	Méid (i mílte)			
		2015	2016	...	2020
Teideal 1: Caiteachas ar fhoireann:					

11 Tuarastail agus liúntais - ar gníomhairí sealadacha iad - ar SNEanna iad - ar gníomhairí ar conradh iad	=2*131*1,16 =2*12.7	304 25	304	304	304
12 Caiteachas a bhaineann le hearcaíocht	=2*10	20	20	20	20
13 Speansais misean		349	324	324	324
Iomlán teideal 1: Caiteachas ar fhoireann		140	130	130	130
Ar ranníocaíocht Chomhphobail é (40%)		210	194	194	194
Ar ranníocaíocht na mBallstát é (60%)					

Sa tábla thíos léirítear an plean bunaíochta don dá phost don bheirt ghníomhairí sealadacha:

Grúpa feidhme agus grád	Poist
AD16	
AD15	
AD14	
AD13	
AD12	
AD11	
AD10	
AD9	
AD8	
AD7	1
AD6	1
AD5	
Iomhlán AD	2